

Cearta Leanaí

i mBaol



Tuarascáil Bhliantúil 2025



ombudsman
do leanaí
for children

Oideachas

Cúram Sláinte

Bheith sábháilte

Baile

Teaghlach agus cúram

Tuairim a bheith agat

Bia

Imir agus stad

Clár Ábhair

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí.....	2
Cé Muid Féin	3
1. Staitisticí agus Buaicphointí OCO	4
2. Cás-Staidéir Gearán	22
3. Fócas ar Chearta Leanaí.....	30
4. Oideachas faoi Chearta.....	33
5. Guthanna Leanaí	34
6. Ár n-Iarracht ar Ionchroprú UNCRC.....	44
7. Ag Moladh do Chearta Leanaí i mBeartais agus Dílthe.....	46
8. Reáchtáil na hOifige.....	49



Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí

Dr Niall Muldoon
An tOmbudsman do Leanaí

Ag tús na bliana 2025, leag ár bPainéal Comhairleach don Óige síos marcóir don Rialtas nua trína gcúig phríomh-iarraidh a chur ar aghaidh dá chéad téarma in Oifig. Sna cúig bliana amach romhainn, tá siad ag iarraidh seirbhísí meabhairshláinte feabhsaithe a fheiceáil do leanaí; baile do chách; caighdeán maireachtála réasúnta; oideachas ardchaighdeán ionchuimsitheach, agus seirbhísí agus tacaíochtaí níos fearr do leanaí faoi mhíchumas.

De réir mar a théann liostaí mianta ó dhaoine óga, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil sé seo ró-uailmhianach nó thar a bheith dána. I bhfírinne, níl ann i ndáiríre ach sraith de na caighdeáin is bunúsaí ar cheart do leanaí i dtír chomh maith as an eacnamaíocht agus Éire a bheith ag súil leo in 2025. Agus mar sin cuireann sé an cheist, cén fáth nach bhfuil na bunchearta sin á gcur i gceart againn do leanaí fós?

Agus muid ag breathnú siar ar an mbliain, ar obair ár nOifige agus ar an dul chun cinn atá déanta do leanaí inár dTuarascáil Bhliantúil do 2025, is léir go bhfuil fós obair le déanamh ag an Stát chun na ceisteanna sin a fhíorú, ainneoin dul chun cinn atá déanta. I gcomhthéacs athrú domhanda atá ag dul i méid ó bheith ag seasamh le cuid de na cearta daonna is bunúsaí, is cosúil go bhfuil cearta leanaí idir dhá cheann na meá. Creidimid, áfach, gur féidir le hÉirinn a bheith ina léaró dóchais do chearta leanaí trí dhul i dtreo

ionchorprú iomlán agus dhíreach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) i ndlí na hÉireann. Tá sé léirithe ag an Stát cheana féin trí dhaingniú an UNCRC i 1992 go nglacann sé leis na prionsabail, agus mar sin anois tá sé in am an tiomantas seo a leagan síos trí ionchorprú. Tá seanfhocal ann – má thugann tú gealltanais do dhuine go gcruthóidh tú dóchas, ach má chuireann tú an gealltanais sin i gcrích, cruthaíonn tú muinín. Gealltanais a bhí i ndaingniú an UNRC, anois ní mór dár bpáistí a fheiceáil é sin curtha i gcrích, ionas go mbeidh a fhios acu gur féidir leo muinín a bheith acu as an Stát chun a gcearta a chomhlíonadh. Athrú suntasach a bheadh ann do chearta leanaí in Éirinn agus bheadh Éire ina ceannaire fíor san Eoraip ar cheisteanna leanaí.

Go deimhin, lean an UNCRC ar aghaidh ag treorú obair ár nOifige in 2025 agus é ag iarraidh príomhspríoc straitéiseach a ionchorprú, agus ba bhliain thar a bheith gnóthach eile í i ngach ceann dár bhfeidhmeanna. Fuaireamar 1,778 gearán faoi chomhlachtaí poiblí in 2025, lena n-áirítear 1,552 gearán aonair. Bhí an t-oideachas ar bharr liosta na n-ábhar imní arís (31%), agus ina dhiaidh sin bhí gearáin faoi Tusla (20%) agus faoi sheirbhísí sláinte leanaí (14%). Arís i mbliana thugamar faoi deara go bhfuil na gearáin a fhaighimid níos casta agus go mbíonn gníomhaireachtaí iolracha i gceist leo go minic. Chonaiceamar freisin, den chéad uair, tionchar IS inár gcuid oibre ó lá go lá, le téacs roinnt de na gearáin a fuaireamar á ghiniúint ag IS, rud a chuireann leis an am a thógann sé orainn na gearáin seo a phróiseáil.

Chuaigh ár nOifig i dteagmháil le níos mó ná 2,500 leanbh go díreach i rith na bliana trínár gceardlanna feasachta um chearta le scoileanna

ar fud na tíre agus obair for-rochtana chuig ionaid IPAS, CAMHS, Soláthar Díreach agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibrigh. Tá an obair seo chomh tábhachtach lena chinntiú go bhfuil an oiread leanaí agus is féidir ar an eolas faoina gcearta agus go dtuigeann siad go bhfuil tábhacht lena nguth. In 2025, d'iarr muid tuairimí daoine óga ar chuid de na saincheisteanna sóisialta agus treochtaí atá ag teacht chun cinn inár gceardlanna, sa díoscúrsa poiblí agus sna meáin, trínár suirbhé meánscoile. Theastaigh uainn a fháil amach an raibh antoisceachas, idirdhealú agus fonn filleadh ar róil inscne 'traidisiúnta' á mbailiú ag daoine óga ina saol laethúil, agus má bhí, cé chomh mór sin. As na 626 leanbh a ndearnadh suirbhé orthu, dúirt 63% go dtagann siad ar ábhar antoisceach ar líne i gcomparáid le díreach 7% sa saol fíor. Léiríonn an toradh scanrúil ach ní ró-iontas seo arís an gá atá le cinntiú gur féidir le leanaí taitneamh a bhaint as a gcearta ar líne ar bhealach sábháilte. Bhí imní na ndaoine óga faoi ardú san antoisceachas le feiceáil i gceann dár gcuid Caint Leanaí i mbliana, agus d'ardaigh cainteoir óg amháin a n-imní faoi scaipeadh na mífhaisnéise ar líne timpeall círíbeacha Bhaile Átha Cliath. Bhí an dearcadh seo le sonrú ag ár YAP nuair a tháinig siad os comhair Choiste Leanaí an Oireachtais ar IS agus inár dtuarascálacha ar an ábhar seo in 2025. Is léir, le fás an tírdhreacha IS, go gcaithfidh an Rialtas agus rialtóirí cuideachtaí meáin shóisialta a choinneáil cuntasach agus díriú speisialta a áireamh ar leanaí ina chuid oibre ar IS chun a chinntiú go bhfuil siad cosanta ó dhochar.

Píosa mór oibre dár nOifig in 2025 ab ea ár dtuarascáil, Athbhreithniú ar Bhás Leanaí: Cás le haghaidh Sásra Athbhreithnithe Reachtúil ar Bhás Leanaí, inar iarradh go mbunófaí córas reachtúil athbhreithnithe ar bhás leanaí in Éirinn - córas atá trédhearcach agus a chuireann teaghlaigh i gcoilár an chórais. Tháinig sé seo as an teagmháil shuntasach a bhí againn le tuismitheoirí thar na blianta a d'inis dúinn faoin streacháil a bhí acu sa troid chun faisnéis a fháil faoi bhás a linbh, agus conas a chuireann sé seo go diúltach lena mbrón. Mhol an OCO córas reachtúil ar dtús chomh fada siar le 2007, agus leag an Breitheamh Shannon agus Norah Gibbons béim air freisin i dTuarascáil an Ghrúpa Neamhspleách Athbhreithnithe ar Bhás Leanaí

in 2012. Cuirimid fáilte roimh an dtiomantas i gClár an Rialtais in 2025 chun sásra reachtúil a bhunú agus tá súil againn go gcuirfidh sé solás éigin ar fáil do na teaghlaigh a bhfuil an phian doshamhlaithe acu maidir le leanbh a chailleadh.

Léiríonn cás-staidéir na ngearán chuig an OCO atá inár dTuarascáil Bhliantúil ní amháin na saincheisteanna a bhíonn le sárú ag leanaí agus teaghlaigh agus iad ag déileáil le seirbhísí poiblí le bliain anuas, ach freisin an fíordhifríocht a dhéanfadh ionchorprú sna cásanna seo. Feicimid scéal Zach, 10 mbliana d'aois, mar shampla, buachaill óg faoi mhíchumas a chaith an samhradh ag déanamh imní dó faoi chailliúint a SNA oilte go speisialta an Meán Fómhair sin. Nó siblí ní cúig bliana agus sé bliana d'aois Rebecca agus Paul, a raibh moill fhada ar a máthair le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) maidir le saincheist múscáin a cheartú ina dteach nach raibh aon uisce te ann freisin. Dá mbeadh an UNCRC mar chuid dár reachtaíocht, bheadh leas Zach, Rebecca agus Paul ríthábhachtach nuair a bheadh cinntí á ndéanamh maidir leis na cásanna seo ón tús. Agus ionchorprú i bhfeidhm, in ionad a bheith ag glacadh le cearta leanaí i réimsí amhail sláinte, meabhairshláinte, rochtain ar oideachas agus tithíocht nó do leanaí faoi chúram, d'fhéadfadh an Stát dul amach chun tosaigh agus na cúinsí sin a chur san áireamh ó thús an phróisis cinnteoireachta.

Cé Muid Féin

Is institiúid um chearta an duine í Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) a chuireann cearta agus leas gach linbh agus duine óg faoi bhun 18 mbliana d'aois a chónaíonn in Éirinn chun cinn. Déanann an OCO imscrúdú ar ghearáin faoi sheirbhísí a chuireann eagraíochtaí poiblí ar fáil do leanaí. Tá an tseirbhís saor in aisce. Is é an Dr Niall Muldoon an t-Ombudsman do Leanaí.

1. Staitisticí agus Buaicphointí OCO

In 2025, fuair an OCO 1,778 gearán faoi sheirbhísí poiblí leanaí, agus bhain 15% le comhlachtaí poiblí iolracha. Tá sé seo ag teacht leis an méid a fuairamar in 2024. Laistigh den fhiigiúr foriomlán seo, rinneadh 1,552 gearán aonair chuig an OCO. Arís eile, thugamar faoi deara méadú ar chastacht na ngearán atá á ndéanamh chuig ár nOifig. Thugamar faoi deara freisin go raibh téacs a ghintear le IS a úsáideadh i gcuid de na gearáin a fuairamar, rud a méadaíonn a chur ar an am a thógann sé chun an gearán sin a athbhreithniú. Tháinig formhór na ngearán chuig an OCO ó thuismitheoirí thar ceann a leanaí (81%), agus tháinig méadú aon faoin gcéad ar líon na ngearán ó leanaí iad féin, ag ardú ó 3% go 4% in 2025.

Ba é an t-oideachas an cheist ba mhó a ndearnadh gearán faoi arís in 2025, arbh ionann é agus 31% de na gearáin go léir leis an OCO. As an 31% seo, bhain 15% le bunscoileanna agus bhain

10% le meánscoileanna. Áiríodh na ceisteanna is mó a ndearnadh gearán fúthu faoi oideachais ná tacaíocht don Oideachais Speisialta, bulaíocht agus bainistíocht gearán i scoileanna. Fuair an OCO gearáin freisin faoi iompar scoile, an Roinn Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus Coiste na Scrúduithe Stáit.

Bhain 20% de na gearáin go léir chuig an OCO in 2025 le Tusla. Bhain siad seo le leanaí i Socruithe Éigeandála Speisialta (SEAanna), Cúram Speisialta, cúram cónaithe, obair idirghníomhaireachta idir seirbhísí, Seirbhísí Tacaíochta Oideachais (TESS), rochtain ar idirghabhálacha agus tacaíocht, chomh maith le hábhair imní ó dhaoine óga faoi láimhseáil gearán.

Cad faoi a raibh na gearáin?

Earnáil	2025
Oideachas	31%
Tusla	20%
Sláinte	14%
Tithíocht & Údarás Áitiúil	6%
Ceartas	3%
DCDE	3%
Ranna Rialtas eile	5%
Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	1%
Eile i sainchúram/neamhshonraithe	3%
Oideachas Luath-Óige (nach bhfuil faoi shainchúram OCO faoi láthair)	3%
Lasmuigh den sainchúram	11% eile

In 2025, bhain 14% de na gearáin chuig an OCO le seirbhísí sláinte leanaí. Rinneadh gearáin faoi rochtain ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), leanaí san ospidéal thar mar a bhí riachtanach ó thaobh cúrsaí leighis de agus easpa rochtana ar chúram fiacloireachta agus ar sheirbhísí eile arna maoiniú ag an HSE. Lean an OCO freisin ag fáil gearáin faoi easpa rochtana ar Mheasúnú Riachtanais. In 2025, bhain 2% de na gearáin le Sláinte Leanaí Éireann (CHI).


Bhain 6% de na gearáin chuig an OCO in 2025 le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Tithíochta, go príomha maidir le heaspa rochtana ar thithíocht iomchuí do leanaí faoi mhíchumas, cáilíocht

na tithíochta, liostaí feithimh agus rochtain ar chóiríocht éigeandála.

In 2025, bhain 3% de na gearáin le Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS). Áiríodh orthu sin ábhair imní maidir le faoi droch-chóiríocht, cáilíocht an bhia agus láimhseáil gearán.

Mar a thugamar chun suntais sna blianta roimhe seo, b'ionann gearáin faoi shuíomhanna na Luathbhlianta (naíolanna príobháideacha, Montessori agus réamhscoileanna) agus 3% de na gearáin go léir chuig an OCO in 2025. Sin ainneoin nach bhfuil sainchúram ag an OCO na socruithe seo a scrúdú.

Gearáin de réir contae



*Ní chláraíonn gach gearánach cén contae as a dtagann siad, mar sin léiríonn miodealú an chontae an t-eolas atá faighte againn ó ghearánaigh.

Cé uathu a fuarthas gearáin?

2025	
Tuismitheoir	81%
Eagraíocht/Gairmí a oibríonn le leanaí	5%
Leanbh	4%
Teaghlach sínte	3%
Duine fásta imníoch/neamhghaolmhar	2%
Duine fásta faoina óige féin/siblín	1%
Gan ainm/neamhshonraithe	4%

Aois na bpáistí a fuaireamar gearáin fúthu

2025	
1 - 4 bliana	14%
5 - 9 mbliana	23%
10 - 14 bliana	36%
15 -19 mbliana	26%
20 + bliain	1%

Sracfhéachaint ar cheardlanna Oideachais faoi Chearta in 2025

Bhuaileamar
2,550 leanbh

D'éascaigh muid **124** ceardlanna

86 D'fhreastail 53 scoil ar cheardlanna
Oideachais faoi Chearta
(53 bunscoil agus 33 meánscoil)

12 chuairt ó ghrúpaí óige

18 Seimineár tríú leibhéal

1 comhlacht gairmiúil

59% de na ceardlanna le scoileanna
nó le heagraíochtaí ó lasmuigh
de Bhaile Átha Cliath

41% de na ceardlanna le scoileanna
nó le heagraíochtaí atá
lonnaithe i mBaile Átha Cliath

Cuairteanna for-rochtana oideachais chuig ceardlanna faoi chearta a sheachadh

IPAS agus Soláthar Díreach

4 cheardlann in ionaid IPAS agus
in ionaid Soláthair Dhíreach

Leanaí Neamhthionlactha

2 cheardlann in ionaid le Leanaí
Neamhthionlactha

CAMHS

1 ceardlann in Ionad CAMHS

OCO san Oireachtas:

Rannpháirtíocht beartais agus reachtach i bhfigiúirí

7

n-aghneacht chuig an Rialtas maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta leanaí.

29

litir chuig Airí agus Ranna Rialtais ag cur cearta leanaí chun cinn lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le ranníocaíochtaí deonacha, béilí scoile te, ról agus tionchar IS ar leanaí, bloic lochtacha agus a thionchar ar leanaí, buiséadú bunaithe ar chearta leanaí, treoirínte maidir le tuiscint a fháil ar iompraíochtaí inní agus seirbhísí meabhairshláinte óige i scoileanna.

67

bhfiosrúchán ón bpobal a scrúdaíodh faoi alt 7 dár reachtaíocht agus sainchúram chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn.

132

moltaí don Rialtas agus do chomhlachtaí poiblí chun feabhas a chur ar shaol leanaí in Éirinn.

8

cruinnithe le hAirí chun cearta leanaí a phlé sa chlár nua don Rialtas.

1

cruinniú leis an Taoiseach chun an clár don Rialtas agus cearta leanaí a phlé.



4

láithriú ag coiste Oireachtais ar

- Easpa Dídine Leanaí agus Teaghlaigh (Cur i láthair don Chomhchoiste um Thithíocht, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil – Meitheamh 2025)
- Saincheisteanna tosaíochta an OCO (Cur i láthair don Chomhchoiste um Leanaí agus Comhionannas – Meitheamh 2025)
- IS agus Cearta Leanaí (Cur i láthair YAP don Chomhchoiste um Intleacht Shaorga – Deireadh Fómhair 2025)
- Cearta Leanaí agus an Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Cur i láthair don Chomhchoiste um Cheartas, Imirce agus Gnóthaí Baile – Samhain 2025).

OCO ar líne agus sna meáin:

In 2025, bhí fás láidir comhsheasmhach ag an OCO ar fud ár gcainéal meán sóisialta.





Ar Instagram, bhí Reel ag cur **closleabhar Coimeádaí na gCeart** chun cinn (**24,000 amharc**), **teachtaireacht bhliantúil na Nollag** (**17,000 amharc**) agus **ábhar a bhain le suirbhé** i measc na dtaibheoirí is láidre.



Mheall postálacha Facebook a bhain le **tionscnaimh oideachais, earcaíocht, taighde agus feachtais** leibhéal arda spéise agus tuairimí freisin.



Lean LinkedIn ag fás mar bhealach tábhachtach le haghaidh **beartais, taighde, ráitis agus nuashonruithe eagraíochtúla**, le postálacha a bhaineann le **poist agus píosáí anailíse** ag feidhmiú go han-mhaith.



Buaicphointí na Meán Sóisialta 2025

9.1M+

amharc
thar cainéil meán
sóisialta OCO

12.4M
imprisean

thar Instagram, Facebook agus
TikTok mar chuid dár bhfeachtas
feasachta fógraíochta.

35,000+
leantóir

thar na cainéil meán
sóisialta go léir faoi
dheireadh na bliana

Tháinig méadú os cionn 70% ar leantóirí Instagram,
ó 4,601 i mí Eanáir go 8,000+ faoi mhí na Nollag

Tháinig méadú faoi dhó ar lucht féachana
LinkedIn, ag méadú ó 2,330 go 4,727 leantóir

Shroich Facebook 10,000 leantóir, ag
ceiliúradh cloch mhíle thábhachtach

Chríochnaigh X* an bhliain le
12,085 leantóir

*Amhail 2026, níl an
OCO ag postáil ábhair
a thuilleadh ar X

1,396 ar fud na n-ardán
postáil roinnte i rith na bliana

8,400+ freagairt agus 560+ trácht, a léiríonn
rannpháirtíocht láidir an lucht féachana

Barr Feidhmíocht Ábhair



Reel Instagram is fearr feidhmíochta:

Blaisín closleabhair Coimeádaí na gCeart le

24,000+ amharc



Na postálacha

Facebook is Láidre:

ábhar a bhaineann le

hearcaíocht agus

taighde



An postáil is fearr LinkedIn: Shroich ráiteas ón Dr Muldoon maidir le hionsaí coirloscadh ionad IPAS breis agus

8,500 imprisean

Cainteanna Leanaí




Feachtas Fógraíochta OCO

Sheol OCO mórfheachtas fógraíochta in 2025 chun feachtas a ardú ar an OCO, le fócas sonrach ar ár bhfeidhm Gearán agus Imscrúduithe. Tá sé seo mar chuid de phlean trí bliana chun feachtas ar an OCO a bhrú chun cinn trí fhógraíocht spriocdhírthe. Bhí míreanna againn freisin ar an raidió náisiúnta agus áitiúil. Bhí fógraí digiteacha ar siúl ar fud Instagram, Facebook, TikTok agus YouTube, le níos mó ná 12 mhilliún imprisean ar fud Meta & TikTok. D'éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas leis an aoisghrúpa 35-44 agus na 45-54í.

Má tá gearán déanta agat ach tá an fhadhb fós ar siúl,

b'fhéidir go mbeidh OCO in ann cabhrú leat.



Déanaimid imscrúdú ar ghearáin faoi mar a chaitear le leanaí inár seirbhísí poiblí.



ombudsman do leanaí for children

An OCO sna Meáin Chumarsáide



Irish Independent

New book by children explains their rights and the role of the Ombudsman

The book has been published by a Sligo book company



Irish Examiner

HOME PAGE / NEWS

Young people being impacted by growing tide of extremist views online, says Ombudsman for Children



...and that 63% hear more extreme views online than in person, while 25% say their views that some people would consider extreme.


Breaking News.ie

Government's housing initiatives are failing children, says ombudsman

24/06/2025 - 19:59 PM



Niall Muldoon told the Oireachtas Committee on Housing that families and children are 'sinking' in homelessness. Photo: PA



Athbhreithniú ar Bhás Leanaí:

An Cás maidir le Meicníocht Athbhreithnithe Reachtúil ar Bhás Leanaí

Aibrean, 2025


D'fhoilsigh an OCO tuarascáil ina leagtar amach an cás maidir le meicníocht reachtúil athbhreithnithe ar bhás leanaí in Éirinn. Thar na blianta, tá go leor gearán faighte ag an OCO faoi leanaí a fuair bás i gcúinsí tragóideacha, uaireanta inchoiscthe – lena n-áirítear féinmharú, dúnbhású, ródháileoga drugaí, timpistí, agus básanna tobanna. Bhí cuid de na leanaí seo faoi chúram an Stáit nó ar eolas ag seirbhísí, ach i gcásanna ró-iomarca, níl a fhios againn fós conas nó cén fáth a bhfuair siad bás. Ní raibh daoine eile ar eolas ag seirbhísí, ach bhí dualgas cúraim fós ann – agus tá freagraí tuillte ag teaghlaigh. Tá imní ar an OCO freisin


faoin easpa athbhreithnithe tar éis cásanna de filicide nó de finemharú, fiú nuair a bhí aithne ag gníomhaireachtaí Stáit ar thuismitheoirí.

Is iad na téamaí athfhillteacha a chloisimid ná go bhfuil na sásraí athbhreithnithe reatha ad hoc, nach bhfuil aon bhonn reachtach ná reachtúil acu agus nach bhfuil aon chumhachtaí inordaitheachta ná forfheidhmithe acu. Dúirt teaghlaigh linn freisin nach bhfuil aon amlínte comhsheasmhacha ann le haghaidh athbhreithnithe a d'fhéadfadh a mbrón a dhéanamh níos measa, toisc go bhféadfadh blianta feithimh a bheith acu le haghaidh freagraí. I gcás go leor teaghlach, níl uathu ach ceachtanna a fhoghlaim ó bhás tragóideach a linbh chun cosc a chur ar theaghlaigh eile a bpián a fhulaingt.

I gcomhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), tá dualgas ar Rialtas na hÉireann ceart chun beatha, maireachtáil agus forbairt leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Tá an OCO den tuairim go bhfuil sásra athbhreithnithe ar bhás leanaí ina chuid lárnach den cheart sin a chomhlíonadh, chun a áirithiú go scrúdófar básanna leanaí d'fhonn ceachtanna a shainiú chun bonn eolais a chur faoi straitéisí coisctheacha.

D'iarr ár dtuarascáil go mbunófaí córas reachtúil athbhreithnithe ar bhás leanaí – córas atá neamhspleách, trédhearcach agus a chuireann teaghlaigh i gcoilár an chórais sin. Cuirimid fáilte roimh an tiomantas atá sa Chlár don Rialtas sásra reachtúil a bhunú agus i mí an Mhárta, 2025 bhuail an tOmbudsman do Leanaí leis an Taoiseach agus thugamar breac-chuntas ar na moltaí atá againn maidir lena bhunú. Chuaigh an Oifig i dteagmháil freisin le hoifigigh na Roinne maidir le príomhroinn a cheapadh. Leanadh den obair seo ar feadh 2025 agus isteach in 2026, agus tá tuarascáil nuashonraithe beartaithe do 2026.





Fócas Beartais ar Intleacht Shaorga

Meán Fómhair, 2025

In 2025, léirigh an OCO impleachtaí cearta leanaí IS inár dtuarascáil Fócas beartais ar IS: Athbhreithniú ar Chearta Leanaí. Chuireamar creat um chearta an linbh chun cinn do lucht déanta beartas, bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta um chearta an duine, taighde ar IS agus a thionchair, tuairimí na saineolaithe agus níos tábhachtaí fós, guthanna leanaí agus daoine óga.

Mar ullmhúchán dár dtuarascáil, d'óstáil an OCO comhairliúcháin le daoine óga chomh maith le plé comhstáidais le saineolaithe ar chearta leanaí agus le saineolaithe teicneolaíochta chun smaointe a phlé agus a chomhroinnt maidir leis na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann le IS do leanaí agus dá gcearta.

Leagadh béim inár dtuarascáil ar cheithre phríomhréimse ina raibh dúshlán ag baint le IS do leanaí agus dá gcearta. Ar an gcéad dul síos, léirigh bearnaí i rialáil agus maoirseacht IS gur gá don Rialtas agus do rialtóirí cur chuige atá bunaithe ar chearta leanaí a ghlacadh i leith an dlí, an bheartais agus na cinnteoireachta maidir le IS. Molaimid go ndéanfaí halgartaim mholtóra a mhúchadh de réir réamhshocraithe do gach leanbh. Leag an tuarascáil béim ar a thábhachtaí atá sé litearthacht dhigiteach a mhúineadh do leanaí, agus a chinntiú go gcloíonn teicneolaíochtaí IS a úsáidtear in oideachas na hÉireann le caighdeán chearta leanaí. Thug ár dtuarascáil chun solais freisin an gá atá le haon bhearnaí i reachtaíocht na hÉireann a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí arna éascú nó arna giniúint ag IS a shainaithint agus a laghdú, lena n-áirítear toirmeasc ar mhí-úsáid dhomhainbhrionnaithe.




Níl Tomhas Amháin Oiriúnach Do Chách:

Obair chomhpháirteach le YAP

Meán Fómhair, 2025

Agus í ag obair lenár bPainéal Comhairleach don Óige (YAP), d'fhoilsigh an OCO **Níl Tomhas Amháin Oiriúnach Do Chách**, tuarascáil ar chosc ar fhóin i scoileanna agus ar chearta leanaí. Tugtar le chéile sa tuarascáil príomhthaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh chearta an linbh de, chomh maith le tuairimí daoine óga a chur i láthair maidir le cosc 2025 ar fhóin i scoileanna.

Sa tuarascáil, d'aithin an YAP cúig mholadh uileghabhálacha chun treoir a thabhairt do lucht déanta beartas agus do scoileanna tuairimí leanaí agus a gcearta a bhreithniú. Mar sin, ba



é an rud ba shuntasáí ná nach iad coisc iomlána ar fhóin an bealach ceart le dul. Léirítear é sin le taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta, le fianaise a thugann le fios nach bhfuil coisc iomlána éifeachtach, agus go ndéanann siad neamhaird ar chearta leanaí. Chuir an OCO ábhair imní in iúl nár bhreithnigh cinnteoirí cearta leanaí, lena n-áirítear iad siúd atá cumhdaithe in UNCRC, sa chomhrá maidir le cosc a chur ar fhóin i scoileanna in Éirinn.

I measc na moltaí eile ón YAP bhí infheistíocht níos mó in acmhainní don oideachas digiteach, taighde a chur in iúl ar bhealach a thacaíonn le leanaí do dhaoine óga, cineálacha cur chuige éagsúla a dhearadh maidir le rialacha fóin ag brath ar aois agus leibhéal aibíochta leanaí, agus tacaíocht agus oideachas a mhéadú do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus daoine fásta eile chun tuiscint níos fearr a fháil ar theicneolaíocht agus ar na dúshláin atá roimh dhaltáí.

OCO san Oireachtas

Tháinig Nuala Ward, Stiúrthóir Imscrúduithe agus an Dr. Tricia Keilthy, Ceann Beartais os comhair Chomhchoiste Ceartais an Oireachtais le haghaidh grinnscrúdú réamhrechtach ar an mBille um Chosaint Idirnáisiúnta 2025.

Bhuail ár bPainéal Comhairleach don Óige leis an gComhchoiste um Intleacht Shaorga chun a dtuarascáil **IS agus Muid** a sheoladh. Léiríodh sa tuarascáil a ríthábhachtaí atá guthanna daoine óga maidir le cur chuige na hÉireann i leith IS a mhúnlú agus cearta leanaí a chosaint.



2. Cás-Staidéir Gearán

Sláinte

Cás Sophia's*

An gá atá le láimhseáil gearáin atá oiriúnach do leanaí ag CHI

An gearán:

Bhí Sophia (17) faoi chúram an Stáit agus rinne sí gearán go díreach leis an OCO faoin tréimhse ama a bhí á thógáil ag Sláinte Leanáí Éireann (CHI) chun freagairt do ghearán a rinne sí leo. Bhí sí míshásta freisin leis an easpa cumarsáide uathu sa phróiseas. Dúirt Sophia linn go raibh uirthi obair leantach a dhéanamh le CHI roinnt uaireanta chun uasdátú a fháil, rud a dúirt sí nach raibh ag teacht lena mbeartais agus lena nósanna imeachta féin.

An méid a rinneamar:

Rinneamar teagmháil le CHI chun réiteach áitiúil a spreagadh agus chun a fháil amach cathain a d'fhéadfadh Sophia a bheith ag súil le freagra. Mar sin féin, dúirt siad nach raibh siad in ann a insint dúinn. Dá bhrí sin, chinneamar scrúdú a dhéanamh ar ghearán Sophia. Dhírigh an scrúdú seo ar láimhseáil gearán atá oiriúnach do leanaí. Nuair a bhuaileamar le Sophia dúirt sí linn gur tháinig sí chuige an OCO chun a chinntiú nach mbeidh an t-eispéireas ag duine óg eile.

An Toradh:

Bhí ár bhfreagra ó CHI an-dearfach. Thug siad breac-chuntas ar an bhfoghlaim a bhí déanta acu agus ghabh siad a leithscéal as an moill a bhain le freagra a thabhairt ar ghearán Sophia agus as gan uasdatú rialta a thabhairt di faoi na moilleanna sin. D'inis siad dúinn faoi na hathruithe atá curtha i bhfeidhm acu ó shin,

agus gurbh é seo an chéad ghearán a fuair siad go díreach ó leanbh. D'fhorbair agus chuir CHI Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach (SOP) i bhfeidhm chun an beartas Do Sheirbhís Do Thuairim (YSYS) a chur i bhfeidhm, chun bainistíocht gearán a chaighdeánú ar fud CHI. Chuir siad tús freisin le ráiteas beartais gearán a fhorbairt agus áiríodh leis sin ráiteas go láimhseálfadh CHI gearáin trí chur chuige leanbh-lárnach a úsáid. Thairg siad bualadh le Sophia chun a gearán a phlé agus foghlaim óna taithí mar leanbh a bhí ag dul i ngleic leis an bpróiseas gearán CHI, mar aon leis na saincheistanna a d'ardaigh sí ina gearán bunaidh leo.

Bhí Sophia sásta leis an toradh a bhí ar ár scrúdú agus leis na hathruithe a rinneadh mar gheall ar a gearán. Léiríonn cás Sophia an tábhacht a bhaineann le daoine óga a nguth a ardú agus éisteacht a fháil, chomh maith leis na hathruithe is féidir a dhéanamh dá bharr sin.

Sa chás go raibh an UNCRC mar chuid de dhlí na hÉireann:

Dá mbeadh UNCRC corpraithe go hiomlán agus go díreach i ndlí na hÉireann, bheadh oibleagáid dhlíthiúil ar gach comhlacht poiblí, amhail CHI, a chinntiú go bhfuil sé de cheart ag leanaí a gcuid tuairimí a chur in iúl i gcúrsaí a bhaineann leo, agus bheadh ar na tuairimí sin an meáchan cuí a fháil, de réir aois agus aibíocht an linbh.

I gcás Sophia, is dócha go mbeadh próiseas gearán atá oiriúnach do leanaí bunaithe ag CHI, rud a d'fhéadfadh an próiseas a ghiorrú di, agus a chinntiú ag an am céanna go gcoinneofaí Sophia suas chun dáta.

*Úsáidtear ainmneacha bréige chun féiniúlacht na leanaí a chosaint inár gcás-staidéir

Ceadanna páirceála

do leanaí faoi mhíchumas intleachtúil trom

An gearán:

Fuair an OCO dhá ghearán ó dhá theaghlach ar leith ar diúltaíodh cead páirceála do dhaoine faoi mhíchumas dá leanaí faoi mhíchumas intleachtúil trom.

An méid a rinneamar:

Ar dtús, rinneamar dhá scrúdú ar leith ar Chumann na dTiománaithe faoi Mhíchumas in Éirinn (DDAI) bunaithe ar fhaisnéis ó na tuismitheoirí. Tháingamar ar an gconclúid, cé gur cuireadh an reachtaíocht ábhartha i bhfeidhm i gceart agus nach bhféadfaimis drochriarachán a aithint dá bharr sin, go raibh imní fós orainn faoin reachtaíocht sin.

Mar thoradh air sin, scríobh foireann Gearán agus Imscrúduithe OCO, mar aon leis an bhfoireann Beartais, chuig an Aire Iompair agus chuig an Roinn Iompair chun na moltaí seo a leanas a mheas mar chuid d'athbhreithniú na Roinne ar an scéim.

Áirítear na nithe seo a leanas sna moltaí:

- Glacadh le samhail mhíchumais atá bunaithe ar riachtanais agus ar chearta, a dhíríonn ar riachtanais leanaí faoi mhíchumas, i gcomhréir le UNCRPD agus UNCRC.
- Mholamar don Aire agus don Roinn machnamh a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta le haghaidh Chead Páirceála an Tiománaí faoi Mhíchumas a leathnú agus a shoiléiriú chun leanaí a bhfuil míchumais intleachtúla trom orthu a bhfuil tionchar acu ar a soghluaisteacht, ar a sábháilteacht agus ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí a chur san áireamh.
- Foráil a dhéanamh i Rialacháin 1997 maidir le discríd a bheidh le feidhmiú ag cinnteoirí chun a chinntiú go ndéantar imthosca aonair leanaí faoi mhíchumas intleachtúil trom a mheas. Ba cheart don Roinn acmhainní breise a chur ar fáil do riarthóirí na Scéime ina leith sin freisin.

- Teidlíocht uathoibríoch ar Chead Páirceála Tiománaí faoi Mhíchumas a thabhairt isteach do theaghlach leanaí a fhaigheann liúntas cúraim baile.
- Ba cheart go mbeadh UNCRPD agus UNCRC ar thús cadhnaíochta sa phróiseas cinnteoireachta agus ba cheart dóibh an t-athbhreithniú ar an Scéim um Cheadanna Páirceála do Thiománaithe faoi Mhíchumas a threorú chun critéar incháilitheachta níos cuimsithí a chruthú.
- Foráil a dhéanamh sa scéim chun ligean d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar chinntí a rinneadh faoin Scéim, go háirithe i gcásanna inar deonaíodh cead roimhe sin thar ceann linbh ach inar diúltaíodh ina dhiaidh sin.
- Éilíonn an scéim reatha iarratais ar chead gach dhá bhliain, fiú i gcásanna inar léiríodh míchumas buan linbh in iarratais roimhe seo. Ba cheart don Roinn foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ón gceanglas athiarratas a dhéanamh i gcásanna inar chuir teaghlach linbh fianaise ar fáil maidir le míchumas buan a chuireann srian mór ar shoghluaisteacht.
- Ba cheart faisnéis inrochtana shoiléir i nGnáth-Bhéarla a chur ar fáil ar shuíomhanna gréasáin Chumann Tiománaithe faoi Mhíchumas na hÉireann agus Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann maidir leis na critéir incháilitheachta.
- Ba cheart don Roinn bearta a ghlacadh chun inrochtaineacht agus ionchuimsiú a mhéadú, agus tús áite á thabhairt do shaoráidí páirceála a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas chun é sin a bhaint amach.

An toradh:

D'admhaigh an tAire imní an OCO faoin scéim agus ghabh sé buíochas linn as an tsraith mhionsonraithe moltaí beartais. Cuireadh in iúl dúinn go mbreithneodh Oifigigh sa Roinn ar na moltaí seo mar chuid den phróiseas athbhreithnithe leanúnach agus go rachaidh siad i dteagmháil go díreach lenár nOifig dá mbeadh tuilleadh faisnéise ag teastáil.

Tusla

Cás Ira's*

Míchumarsáid as a dtagann gan aon socrúchán oiriúnach don Ira

An gearán:

Tháinig Ira (16) go hÉirinn lena tuismitheoir tar éis don chogadh san Úcráin briseadh amach agus bhí cónaí orthu le teaghlach óstach. Tar éis roinnt ama, ní raibh an teaghlach sin in ann leanúint leis an socrú a thuilleadh mar gheall ar athrú ar chúinsí. Bhí ar thuismitheoir Ira filleadh ar an Úcráin freisin le haghaidh cóir leighis agus cinneadh gurbh fhearr d'Ira fanacht in Éirinn.

Bhí teaghlach Ira i dteagmháil le Tusla sular tháinig na cúinsí is déanaí sin chun cinn. Rinneadh teagmháil leis an ngníomhaireacht arís nuair a tháinig an scéal chun cinn, ach níor aimsíodh aon réiteach. Bhí ímní ar Ira agus a teaghlach óstach faoi na rudaí a bhí le tarlú ina dhiaidh sin, agus mar sin chuaigh siad i dteagmháil leis an OCO chun cabhair a fháil.

An méid a rinneamar:

Rinneamar scrúdú ar an ngearán seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcadh Tusla ar an gcás. Dúirt Tusla nach raibh aon ról le himirt acu, toisc go raibh socrú teaghlaigh príobháideach i bhfeidhm d'Ira. Ar athbhreithniú a dhéanamh ar an méid sin, ba chosúil go raibh sraith míchumarsáide ann faoi chúinsí Ira. Chuamar i dteagmháil le Tusla chun soiléireacht éigin a fháil faoina cás agus chun a chinntiú go ndearnadh breithniú cuí ar a leas.

An toradh:

Bhí Tusla in ann socrú cúraim oiriúnach a chur ar fáil d'Ira. Dúirt sí linn go raibh sí an-sásta gur réitíodh an scéal agus go raibh sí ag súil lena scrúduithe scoile a chríochnú agus smaoineamh ar a todhchaí.

Oideachas

Cás Zach's*

Buachaill óg faoi mhíchumas a bhí buartha an samhradh ar fad faoina SNA a chailleadh ar scoil

An gearán:

Is buachaill 10 mbliana d'aois é Zach a bhfuil ceathairphléige air; is úsáideoir cathaoir rotha é agus bíonn sé ag brath ar Chúntóir Riachtanas Speisialta (SNA) le haghaidh réimse riachtanas cúraim phríomhúil, lena n-áirítear úsáid an leithris, athshuíomh compordach, hidráitiú, bogadh, beathú agus cumarsáid – chomh maith le tacaíocht chun a theicneolaíocht chúnta a úsáid. Níl aon úsáid fheidhmiúil ag Zach as a chuid géaga agus bíonn sé ag brath go hiomlán ar chathaoir rotha agus ar theicneolaíocht chúnta rochtain a fháil ar an gcuraclam agus chun páirt a ghlacadh i saol na scoile.

D'fhoghlaim Zach conas córas casta teicneolaíochta cúnta a úsáid, a chuimsigh amharclorg súl agus luamhán stiúrtha atá á rialú ag an mbéal, chun oibriú go neamhspleách ar chomhéadan scoilte. Tá an teicneolaíocht seo casta agus teastaíonn oiliúint agus forbairt scileanna chun cabhrú leis. Leag máthair Zach béim ar an ríthábhacht a bhain leis an teicneolaíocht seo d'fhonn a mhuinín, a neamhspleáchas agus a uathriail a fhorbairt, rud a ligeann dó cumarsáid a dhéanamh agus páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam agus i bpobal na scoile.

Baineann an gearán lena SNA, atá oilte go hiomlán in úsáid a theicneolaíochta cúnta, atá á athshannadh ag a scoil do leanbh eile nach n-úsáideann teicneolaíocht chúnta don bhliain acadúil atá le teacht. Ciallaíonn sé seo go sannfar Cúntóir Riachtanais Speisialta nua do Zach nach bhfuil an oiliúint riachtanach faighte aige.

Scríobh Zach litir an-láidir chugainn ag cur in iúl go díreach cén fáth ar bhraith siad go raibh an cinneadh seo éagórach agus nach raibh sé chun a leasa.

*Úsáidtear ainmneacha bréige chun féiniúlacht na leanaí a chosaint inár gcás-staidéir

An méid a rinneamar:

Scríobhamar chuig scoil Zach ag iarraidh orthu a léiriú conas a cuireadh a leas san áireamh ina bpróiseas cinnteoireachta. Theastaigh uainn a thuiscint freisin cén fáth nár cuireadh an chomhairle ghairmiúil a thug an Fhoireann Lónra Míchumais Pobail (CDNT) agus an tseirbhís Mhíchumais san áireamh. Ar deireadh, d'iarramar ar aon bheartais agus nósanna imeachta ábhartha.

An toradh:

Thug an scoil breac-chuntas ar an réasúnaíocht le SNA Zach a athrú. Dúirt siad gur cleachtas caighdeánach a bhí ann freagrachtaí SNA a athrú gach bliain nó gach dhá bhliain chun forbairt foirne a chinntiú.

Dúirt siad freisin go gcuireann sé seo deiseanna ar fáil chun neamhspleáchas a fhorbairt do dhaltaí atá ag bogadh ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil. Leag an scoil béim ar an tábhacht a bhaineann le leas na scoláirí go léir a dteastaíonn tacaíocht SNA uathu agus a riachtanais a mheas.

Thugamar le fios don scoil gurb é an príomhfhadhb riaracháin ná go raibh easpa pleanála, oiliúna agus rannpháirtíochta i gceist chun a chinntiú go mbeadh aistriú rianúil idir na SNAanna. Ba é an príomhábhar imní a bhí againn ná conas a seasadh le leas Zach in éineacht leis an moladh gairmiúil ón tseirbhís Míchumais go gcaithfidh SNA a bheith ag Zach atá oilte in úsáid a theicneolaíocht chúnta.


Chuireamar in iúl freisin, cé gur aithin muid gur cheart tacú le leanaí chun neamhspleáchas a fhorbairt, go bhfuil riachtanais Zach uathúil agus nárbh amhlaidh go mbeadh riachtanais laghdaitheacha nó deiseanna féideartha aige chun tuilleadh neamhspleáchais a fhorbairt amach anseo i bhfianaise a mhíchumais shonraigh. Bhí an scoil sásta machnamh a dhéanamh ar ár dtuairimí agus, trí chaibidlíocht, tháingamar ar réiteach a bhí chun leasa Zach.

Bhí áthas orainn go bhféadfadh Zach filleadh ar chúram a SNA bunaidh go dtí go bhféadfaí a SNA nua a oiliúint chun athrú pleanáilte amach anseo a cheadú Creidimid gur deis foghlama é gach gearán agus mholamar do scoil Zach an cur chuige sin a ghlacadh.

Cé go raibh Zach agus a thuismitheoirí sásta leis an gcinneadh seo, tá sé tábhachtach a mheabhrú go raibh Zach faoi strus agus imníoch an samhradh ar fad ar eagla nach mbeadh sé in ann filleadh ar an scoil i mí Mheán Fómhair. Bhí imní air nach mbeadh sé in ann páirt chomhionann a ghlacadh in éineacht lena phiaraí, toisc nach mbeadh cur amach ag a SNA ar an teicneolaíocht a thacaíonn lena rannpháirtíocht agus lena chuimsiú ar scoil. Chuaigh máthair Zach as a bealach i rith an tsamhraidh chun réiteach a fháil.

Má bhí an UNCRC mar chuid de dhlí na hÉireann:

Bheadh ar chomhlachtaí poiblí, cosúil le scoil Zach, a chinntiú go gcuirfí leas an linbh san áireamh i ngach ábhar a bhaineann leo. I gcás Zach, dá mbeadh UNCRC mar chuid de dhlí na hÉireann, bheadh ar a scoil a mheas an mbeadh sé chun a leasa aistriú chuig SNA nár cuireadh oiliúint orthu sa teicneolaíocht chúnta ríthábhachtach a bhí ag teastáil uaidh do shaol na scoile. Ina theannta sin, dá gcuirfí forálacha maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chearta Leanáí san áireamh agus an UNCRC á ionchorprú, bheadh ar an scoil measúnú réamhghabhálach a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag an gcinneadh sin ar fholláine Zach agus ar a chearta.



Cás Adam*

Imní maidir leis an gcaoi ar láimhseáil bunscoil ábhair imní faoi chosaint agus leas leanaí

An gearán:

Fuaireamar gearán ó mháthair faoina mac 11 bhliain d'aois, Adam, a raibh dhá ghné ag baint leis. Ba é an chéad cheann nár bhainistigh scoil Adam ábhair imní maidir le cosaint leanaí i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha maidir le cosaint agus leas leanaí. Ba é an dara ceann ná nuair a d'ardaigh sí é seo le Bord Bainistíochta (BOM) na scoile nár dhéileáil siad go cuí lena gearán.

Chonaic ball foirne sa scoil eachtra inar bhain múinteoir le tóin Adam ar bhealach míchuí i ndorchla na scoile. Cuireadh é seo in iúl do phríomhoide na scoile a ghlac comhairle ó Chathaoirleach an BOM agus ó chomhlacht iontaobhaithe na scoile. Bhuaile an príomhoide leis an múinteoir lena mbaineann freisin. Mar sin féin, níor cuireadh an imní thromchúiseach sin in iúl do Tusla, nó go tábhachtach, do mháthair Adam ag an am sin.

Sna míonna ina dhiaidh sin, chuir foireann na scoile dhá ábhar imní eile in iúl maidir le hiompar an mhúinteora chéanna agus rinneadh cinneadh fógra a thabhairt do Tusla maidir le mí-úsáid fhéideartha. Is ag an bpointe seo amháin a cuireadh máthair Adam ar an eolas faoin eachtra bhunaidh i gcoinne a mic míonna roimhe sin. Rinne Tusla agus na Gardaí araon imscrúdú ar na hábhair imní faoin múinteoir ina dhiaidh sin.

Bhí imní ar mháthair Adam faoin moill a insint di faoin méid a tharla agus faoi na saincheisteanna cosanta a d'ardaigh sé seo. Nuair a bhí sí sásta nach raibh aon idirghabháil nó tacaíocht bhreise ag teastáil ó Adam maidir leis an méid a tharla, d'ardaigh sí a imní mar ghearán foirmiúil leis an BOM. Dúirt an BOM gur chreid siad gur déileáladh leis an ábhar go cuí agus go raibh sé ag teacht le polasaithe cosanta agus leasa leanaí na scoile agus na Roinne Oideachais. Cuireadh in iúl do mháthair Adam, agus don OCO ina dhiaidh sin, nach raibh an méid sin déanta i scríbhinn ag an mball foirne a chonaic na hábhair imní a bhí ag Adam agus gur lorg an scoil comhairle ón

gcomhlacht iontaobhaithe agus ó Chathaoirleach an BOM. Dúirt an BOM le máthair Adam go raibh a gearán á dhúnadh acu.

An méid a rinneamar:

I bhfianaise na saincheisteanna fíorthromchúiseacha i gceist, labhair muid araon leis an BOM agus scríobh muid chucu chun a bpeirspictíocht a fháil. Tar éis dúinn freagairt BOM a mheas, d'fhan muid imníoch faoi ghníomhartha riaracháin na scoile sáchas seo agus cinneadh go raibh gá le himscrúdú reachtúil iomlán faoi Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002.

Bhuaileamar le Adam agus lena mháthair agus rinneamar agallaimh le roinnt ball foirne scoile agus le Cathaoirleach an BOM. Le linn an ama sin d'éirigh Cathaoirleach an BOM as agus chuamar i dteagmháil leis an gcaomhnóir le bheith cinnte go raibh socruithe cuí rialachais i bhfeidhm i bhfianaise an imscrúdaithe a bhí ar bun.

An toradh:

Forbairt shuntasach san imscrúdú seo ba ea ceapachán Cathaoirleach nua ar an BOM ag an gCaomhnóir. Chinn an BOM féachaint arís ar na saincheisteanna a bhain leis an ngearán agus leis an imscrúdú a rinneamar ina dhiaidh sin. Chuaigh an Cathaoirleach nua i dteagmháil lenár nOifig freisin chun tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an bhfáth ar chreideamar go raibh gá le himscrúdú agus ar na gníomhaíochtaí sonracha riaracháin a raibh imní orainn fúthu.

Ina dhiaidh sin, scríobh an BOM chugainn chun a chur in iúl dúinn go ndearna siad athmhachnamh ar a seasamh agus gur ghlac siad leis go soiléir anois go raibh fiúntas ag baint leis na hábhair imní a d'ardaigh máthair Adam maidir le láimhseáil imní faoi chosaint agus leas leanaí agus faoi bhainistiú a gearáin.

Dúirt an BOM linn go raibh siad tiomanta do chórais a chur i bhfeidhm lena chinntiú nach dtarlóidh sé seo arís choíche. Bhuaile an Cathaoirleach le máthair Adam chun aiféala an BOM a chur in iúl nár tugadh aghaidh ar a cuid imní go díreach agus go tráthúil, agus leanadh leis seo i scríbhinn léi. Chomh maith leis sin, chuir an Cathaoirleach in iúl do mháthair Adam agus dár nOifig go raibh oiliúint shonrach bhreise sceidealaithe acu d'fhoireann na scoile agus don BOM ar Nós Imeachta um Chosaint Leanaí agus láimhseáil gearán.

*Úsáidtear ainmneacha bréige chun féiniúlacht na leanaí a chosaint inár gcás-staidéir

Phléigh an OCO na forbairtí sin le máthair Adam, agus comhaontaíodh go mbeadh sé iomchuí deireadh a chur leis an imscrúdú.

Tithíocht

Rebecca agus Paul*

Beirt leanaí óga i dtithíocht ina bhfuil músacán agus gan aon uisce te

An gearán:

Fuaireamar gearán ó mháthair thar ceann a beirt leanaí Rebecca* (6) agus Paul* (5) i gcoinne Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB). Is eagraíochtaí neamhspleácha, neamhbhrabúis iad AHBanna a sholáthraíonn, a bhainistíonn agus a thógann tithíocht shóisialta, ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta áitiúla. Bhí an gearán dírithe ar ghníomhaíochtaí riaracháin AHB chun saincheistanna a réiteach maidir le dálaí cóiríochta an teaghlach agus maidir le bainistiú na ngearán sin.

Dúirt máthair na leanaí linn go raibh cónaí uirthi san árasán ar feadh 4 ½ bhliain agus go raibh imní mhór uirthi faoina dálaí maireachtála ar feadh tréimhse shuntasach ama. Ba iad sin go raibh músacán i roinnt seomraí lena n-áirítear seomra leapa na lenaí, seomra folcra agus an chistin; bhí téip ag coinneáil píopaí uisce agus téimh ina n-áit; bhí plástarchlár agus sreangú leictreach nochta; bhí radaitheoir ar chrochadh ó bhalla; bhí iarta cócaireáin damáistithe ann; agus ní raibh uisce te reatha san árasán ar feadh tréimhse fhada ama. Mar gheall ar na dálaí seo, cuireadh iachall ar an teaghlach bogadh amach as a mbaile go sealadach ar feadh tréimhse ceithre mhí. Le linn na tréimhse seo, d'fhan siad i gcoinníollacha plódaithe le gaolta agus iad ag leanúint ar aghaidh ag íoc cíosa as a n-árasán. Chuir an t-aistriú seo isteach go mór orthu agus bhí sé corraitheach dá leanaí. Dúradh linn freisin gur fhreastail na leanaí ar a ndochtúir teaghlach roinnt uaireanta in 2024 mar gheall ar shaincheistanna riospráide, rud a bhí níos measa toisc go raibh plúchadh ar Rebecca.

An méid a rinneamar:

I mí na Samhna 2024, chuamar i dteagmháil leis an AHB chun réiteach áitiúil a lorg. Adhmaíodh go raibh fiúntas ag baint leis na gearáin agus cuireadh in iúl dúinn go raibh sceitheadh in árasán thuas ag déanamh castacht ar na hoibreacha feabhais a bhí ar siúl. Dhearbhaigh an AHB dár nOifig agus don ghearánach ag an am seo go gcuirfí cúrsaí chun cinn sna seachtainí amach romhainn.

I mí Eanáir 2025, dúirt máthair na leanaí linn go raibh sí tar éis filleadh ar an réadmhaoin le linn na Nollag mar go raibh teach a gaoil plódaithe agus nach bhféadfadh sé iad a éascú a thuilleadh. Dúirt sí nach raibh an sceitheadh thuas staighre socraithe fós agus nach ndearnadh aon oibreacha ar a hárasán. I mí Feabhra, thugamar cuairt ar an teaghlach agus chonaic muid go raibh na coinníollacha uafásach. Lorgaíomar cruinniú leis an AHB, ar fhreastail POF an AHB agus baill dá fhoireann bainistíochta sinsearaí air.

An toradh:

I mí an Mheithimh, dúirt an AHB linn go raibh go leor dul chun cinn déanta sna míonna ó shin. Suiteáladh caidéal uisce nua lenar athbhunaíodh an soláthar uisce the agus comhaontaíodh sceideal oibreacha le máthair na leanaí faoi na saincheistanna eile. I bhfianaise an nuashonraithe agus rannpháirtíocht réamhghníomhach leanúnach an AHB leis an teaghlach, dhúnamar an gearán le comhaontú na dtuismitheoirí. Thugamar spreagadh don AHB freisin maidir le conas a d'fhéadfaidís feabhas a chur ar rannpháirtíocht ar na cineálacha saincheistanna seo le tionóntaí amach anseo.

Má corpraíodh an UNCRC i ndlí na hÉireann:

Aithnítear in Airteagal 27 de UNCRC an ceart atá ag gach leanbh caighdeán leordhóthanach maireachtála a bheith acu, lena n-áirítear tithíocht atá ag teastáil le haghaidh forbairt fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta. Dá ndéanfaí an UNCRC a ionchorprú i ndlí na hÉireann don teaghlach seo, bheadh sé de dhualgas ar an AHB a chinntiú go ndéanfaí na saincheistanna san árasán a cheartú láithreach, ionas go mbeadh rochtain ag na leanaí óga agus a máthair ar theach sábháilte, slán agus ináitrithe agus a chinntiú go ndearnadh a leas is fearr a mheas.

*Úsáidtear ainmneacha bréige chun féiniúlacht na leanaí a chosaint inár gcás-staidéir

Toradh Tapa

I gcomhréir le prionsabail an Ombudsman, spreagann an OCO gearáin a réiteach go háitiúil agus léiríonn sé meas ar phróisis ghearáin áitiúla comhlachtaí poiblí. Faighimid a lán gearán faoi mhoill ar láimhseáil gearán. Sna cásanna seo, molaimid gearáin a réiteach go háitiúil agus go luath de réir mar is cúí, rud a d'fhágfadh go mbeadh buanna tapa ag gach duine de ghnáth. Uaireanta is féidir na gearáin seo a réiteach trí ghlaó gutháin nó litir shimplí.

*Úsáidtear ainmneacha bréige chun féiniúlacht na leanaí a chosaint inár gcás-staidéir

Níor éirigh le Eoin* atreorú seirbhíse míchumais a dhéanamh mar gheall ar an seoladh mícheart

An gearán:

Fuair an OCO gearán ó príomhoide bunscoile thar ceann Eoin (11) atá uathach agus a bhfuil riachtanais bhreise aige. Ní raibh an príomhoide ná na tuismitheoirí cinnte faoi stádas atreorú Eoin chuig CDNT agus Cúram Príomhúil araon agus ní raibh aon tacaíocht faighte aige go dtí seo. Bhí imní ar na tuismitheoirí go mbogfadh Eoin go dtí an mheánscoil gan tacaíochtaí.

An méid a rinneamar:

Chuireamar ceist ar thuismitheoirí Eoin faoin gcumarsáid ó CDNT agus ón gCúram Príomhúil. Ní raibh sé soiléir cá raibh atreoruithe Eoin mar ba chosúil go raibh siad dúnta ó CDNT. Rinneamar teagmháil leis an CDNT agus leis an gCúram Príomhúil chun fiosrú a dhéanamh faoi stádas atreoraithe Eoin.

An toradh:

Dhearbhaigh cúram príomhúil gur aistríodh Eoin chuig a sheirbhís agus gur scríobh siad chuig an teaghlach le cuireadh le haghaidh urlabhra agus teanga. Mar sin féin, dheimhnaigh an OCO nár fuair teaghlach Eoin an cuireadh riamh mar gheall ar shaincheist fhéideartha leis an seoladh a tugadh. Mar thoradh air sin, dúnadh an atreorú. Chuaigh Cúram Príomhúil i dteagmháil arís leis an dteaghlach agus thug sé cuireadh d'Eoin le haghaidh Urlabhra agus Teanga arís. Dhearbhaigh siad go raibh Eoin ar an liosta feithimh don tsíceolaíocht agus go dtabharfaí cuireadh dá thuismitheoirí freastal ar sheisiúin ghrúpa chun tacú le leanaí le clinic comhairle uathachais agus síceolaíochta go dtí go mbeadh coinne ar fáil.

Litir incháilitheachta do Ella*

An gearán:

Chuaigh máthair Ella i dteagmháil linn toisc go raibh sí míshásta leis an bhfad a bhí an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ag glacadh chun freagra a thabhairt ar a gearán. Rinne sí gearán leis an NCSE nuair nár ghlac sí le diagnóis uathachais a hiníne agus mar sin níor eisigh sí litir incháilitheachta, a raibh ar Ella chun áit a fháil i rang uathachais. D'inis NCSE do mháthair Ella gur saincheist bheartais ba chúis leis an moill ar chinneadh maidir le litir incháilitheachta Ella.

An méid a rinneamar:

Scríobhamar chuig an NCSE ag fiafraí díobh cén uair a d'fhéadfadh máthair Ella a bheith ag súil le freagra ar a gearán. Dúirt siad go raibh sé i gceist go n-eiseofaí freagra gearáin chuig an tuismitheoir. Agus í ag plé leis an tuismitheoir faoin bhfreagra a fuair sí, bhí mearbhall ann maidir leis an doiciméadacht a bhí á cur isteach ag an NCSE. Fiosraigh muid leis an NCSE d'fhonn soiléireacht a lorg.

An toradh:

Dúirt an NCSE le máthair Ella nach raibh tuilleadh doiciméadacht ag teastáil uathu, agus go raibh litir incháilitheachta á dheonú do Ella. Réitíodh an t-ábhar seo cúpla lá roimh thús na scoilbhliana nua agus bhí Ella in ann dul isteach sa rang uathachais.

Obair leantach OCO le NCSE maidir le Litreacha Incháilitheachta

I mí na Nollag 2025, fuair an OCO tuilleadh gearán maidir le Litreacha Incháilitheachta NCSE nár eisíodh chuig leanaí. Bhí sé seo mar gheall ar spriocdháta a leagadh amach i gCiorclán ón Roinn Oideachais agus Óige (DEY). Bhí imní orainn faoin gceist ar cuireadh leas leanaí is fearr san áireamh nuair a rinneadh an cinneadh sin agus faoin sásra achomhairc a bhí ar fáil do na teaghlaigh. Rinneamar teagmháil fhorleathan leis an NCSE maidir leis seo agus fuaireamar torthaí dearfacha do na teaghlaigh a chuaigh i dteagmháil linn. Thug an NCSE agus an Roinn Oideachais agus Óige (DEY) le fios ina dhiaidh sin go mbreithneodh siad iarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta. Ba thoradh é sin a raibh fáilte roimhe do na teaghlaigh, agus dúirt tuismitheoir amháin leis an OCO gur bhraith siad go raibh 'meáchan an domhain bainte dá ngualainn'.

Bacainní ar Phádraig* rochtain a fháil ar sheirbhísí síceolaíochta

An gearán:

Dúirt tuismitheoirí Phádraig linn gur theip ar an Aonad Síceolaíochta Leanaí agus Teaghlaigh ag a nIonad Cúraim Phríomhúil áitiúil aon chumarsáid nó tacaíocht a chur ar fáil maidir le riachtanais Phádraig, in ainneoin a dhiagnóis ar ASD go déanach in 2022. D'fhan Patrick ar an liosta feithimh le haghaidh seirbhísí síceolaíochta gan aon nuashonrú ná dul chun cinn.

An méid a rinneamar:

Tar éis idirghabháil OCO, ba léir nach raibh aon síceolaithe i bhfeidhm, agus go raibh an post folamh le tamall. D'iarramar ar FSS conas a bhí sé beartaithe acu an liosta feithimh a bhainistiú i bhfianaise an dúshláin seo agus conas a chuirfí é seo in iúl do theaghlach Patrick.

An toradh:

Thug an FSS breac-chuntas cuimsitheach dúinn ar na céimeanna a bheadh á nglacadh aici chun an cás a bhainistiú go héifeachtach. Tamall gearr ina dhiaidh sin, chuaigh teaghlach Patrick i dteagmháil linn chun a chur in iúl dúinn go bhfuair Patrick litir dá chéad cheapachán síceolaíochta sna seachtainí amach romhainn.

3. Fócas ar Chearta Leanaí



Saincheist fócais 1:

Ceartas Leanaí-Lárnaithe

Le linn cuairteanna ar Champas Coinneála Leanaí Baile an Oibricigh dúirt leanaí linn nach raibh siad i gcónaí ábalta a thuiscint cad a bhí á iarraidh orthu, nó a rá fúthu, sa chúirt. Thugamar faoi deara go raibh na hábhair imní chéanna ag abhcóidí a bhí ag obair le leanaí agus thugamar rabhadh go bhféadfadh rátaí méadaithe athchiontaithe a bheith mar thoradh ar an easpa tuisceana sin.

An méid a rinneamar:

Leagamar béim ar na saincheisteanna sin inár dtuarascáil, [Ceartas Leanaí-Lárnaithe: tacaíocht do chosantóirí leanaí i gcóras cúirte na hÉireann](#), a foilsíodh i mí Aibreáin 2025, agus chuir sé ár n-imní faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt a d'fhreagair go dearfach.

Toradh:

Tar éis rannpháirtíocht OCO, thug an Roinn seirbhís nua tionlacan cúirte isteach do chosantóirí leanaí a bheidh le cur i bhfeidhm i níos mó ná 100 tionscadal athstíúrtha óige ar fud na tíre le linn 2025. Ciallaíonn an t-athrú go dtairgfear rochtain ar an tacaíocht seo do gach duine óga thagann os comhair na gcúirteanna (Cúirt Dúiche/Cúirt Chuarda/Cúirt na Leanaí), rud

a mbeidh tionchar aige ar thart ar 1,000 leanbh a thagann os comhair na cúirte gach bliain.

Beidh láithreacht aici sa bPríomh-Chúirt Choiriúil freisin agus tá sí san áireamh sa phrótocal nua chun cásanna éignithe agus dúnmharaíthe a bhaineann le híospartaigh agus cosantóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhrostú. Tar éis dúinn ár dtuarascáil a fhoilsiú, bhuaileamar freisin leis an Dlí-Chumann chun a fháil amach conas a d'fhéadfaimis tacú le tionscnaimh oiliúna maidir le ceartas leanaí-lárnaithe. I mí na Bealtaine, chuir an OCO modúl oiliúna ar fáil maidir le ceartas leanaí-lárnaithe mar chuid den rogha roghnach um Cheartas Choiriúil d'aturnaetha faoi oiliúint. I mí na Samhna, thug an tOmbudsman do Leanaí caint ar an ábhar céanna do ghairmithe dlí a bhí ag cleachtadh. Ba dheiseanna iontacha iad seo chun aird a tharraingt ar chaighdeán chearta leanaí agus ar chomhairle phraiticiúil maidir le bheith ag obair le leanaí, chun a chinntiú go gcloistear a nguthanna agus go n-urramaítear a gcearta i ngach gné den dlí coiriúil agus teaghlaigh. Fáiltíonn an OCO roimh an bhfreagairt dhearfach agus leanaí-lárnaithe ón Roinn Dlí agus Cirt inár rannpháirtíocht leo ar an ábhar seo. Fáiltímid freisin roimh an dtacaíocht a fuair muid ó na Breithiúna trí Uachtarán na Cúirte Dúiche. Tá súil againn go dtiocfaidh feabhas dearfach ar na hathruithe seo do leanaí.





Saincheist fócais 2:

Easpa Dídine Leanaí agus Teaghlaigh

Tá OCO ag ardú na saincheiste maidir le heaspa dídine leanaí agus dálaí maireachtála éagobhsaí do theaghlaigh chomh fada siar le 2012. Le linn na tréimhse seo tá moltaí déanta againn agus bhuail muid le hAíre agus le hoifigigh, ach tá líon na leanaí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean fós ag fás. In 2019, d'fhoilsíomar [Níl aon Tintéan mar do Thintéan Féin](#) inar leagadh béim ar thuairimí agus ar thaithí leanaí atá ina gcónaí i Moil Theaghlaigh. Ag an am sin, bhí 3,784 leanbh i gcóiríocht do dhaoine gan dídean, ach faoi dheireadh 2025 bhí thart ar 5,000 leanbh ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála. Tá tionchar tubaisteach ag an easpa dídine agus ag na dálaí maireachtála éagobhsaí ar leanaí. Bíonn tionchar ar gach gné dá saol; oideachas, folláine, féinfhorbairt agus sáraíonn sé a gcearta.

An méid a rinneamar:

Go luath in 2025, scríobhamar chuig an gComhchoiste um Thithíocht agus chuig an Aire Tithíochta ag lorg straitéis shonrach maidir le heaspa dídine leanaí agus teaghlaigh. Thabharfadh pleán sonrach aghaidh ar riachtanais agus leochaileachtaí uathúla leanaí, rud a d'áiríteadh go dtabharfaí tús áite dá ndea-bhail agus dá gcearta. Chomhshínigh Focus Ireland, Crosscare, Simon Communities of Ireland, SVP, Threshold, Respond, Depaul Ireland agus Clúid Housing an litir chuig an gCoiste – gach eagraíocht a oibríonn go díreach le leanaí agus le teaghlaigh atá gan dídean. I mí an Mheithimh, tugadh cuireadh don Ombudsman do Leanaí labhairt leis an gComhchoiste um Thithíocht le haghaidh seisiún speisialta maidir le heaspa dídine leanaí. I mí Iúil, bhuail an tOmbudsman leis an Aire Tithíochta agus bhí cruinniú an-táirgiúil aige faoi na gníomhartha is gá chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine leanaí agus teaghlaigh. Arís, labhair muid faoin ngá atá le pleán sonrach do leanaí.

Toradh:

I mí na Samhna, d'fhoilsigh an Rialtas [Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil 2025-2030](#) agus bhí lúcháir orainn a fheiceáil go raibh an Rialtas

tiomanta do Phlean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Leanaí agus Teaghlaigh atá faoi stiúir na gníomhaireachta agus tras-Rannach a fhorbairt. Beidh an UNCRC mar threoir dó seo. Gheall an Rialtas freisin roinnt moltaí eile de chuid OCO a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear prionsabal an leasa is fearr a ionchorprú go hiomlán inár reachtaíocht tithíochta agus tosaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá gan dídean go fadtéarmach le haghaidh tithíochta sóisialta. Táimid ag tnúth le rannpháirtíocht leanúnach ar an tsaincheist seo agus fhorbairt agus feidhmiú céimneach an phlean in 2026.



Saincheist Fócais 3:

Seirbhísí Cúram Baile agus Tacaíochta do Leanaí

Is ábhar imní don OCO le fada an lá an easpa rialála ar phacáistí cúraim baile phéidiatraicigh do leanaí a bhfuil riachtanais chasta cúraim sláinte acu. Fuaireamar roinnt gearán faoi sholáthar seirbhísí cúraim baile agus tacaíochta do leanaí a bhfuil riachtanais chasta sláinte agus míchumais acu, lena n-áirítear imní faoi shábháilteacht, inniúlacht na foirne freastal ar riachtanais an linbh, agus bainistiú seirbhíse, lena n-áirítear gearáin faoin tseirbhís a bhainistiú. Tá sé de cheart ag leanaí caighdeán leordhóthanach cúraim sláinte a bheith acu i gcúinsí den sórt sin, agus ní féidir é sin a ráthú ach le maoirseacht chuí.

An méid a rinneamar:

Táimid ag moladh, ó 2012 i leith, go mbeadh cur chuige caighdeánaithe náisiúnta ann maidir le pacáistí cúraim baile, agus go gcuirfí leanaí san áireamh i bhforbairt creata rialála le haghaidh pacáistí cúraim baile ó 2021 i leith. I mí Feabhra 2025, chomhdhlúthaigh an OCO an obair seo agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil; [Seirbhísí Cúraim Baile agus Tacaíochta do Leanaí](#). Áirítear i dtuarascáil 2025 scéal Baby Luke, leanbh a bhfuil riachtanais chasta cúraim sláinte aige agus a ndearna a athair gearán leis an OCO faoi chúram baile Luke a bhainistiú, rud a léiríonn go díreach cén fáth a bhfuil gá le rialáil. Clúdaíodh an tuarascáil sna meáin náisiúnta agus cuireadh ceisteanna ar an Aire sa Dáil. D'ardaigh an tOmbudsman do Leanaí na hábhair imní sin agus

an bharna rialála leis an Aire Sláinte ag cruinniú i mí na Bealtaine 2025.

Toradh:

Bhí sé soiléir gur éist an tAire, mar bhí an OCO thar a bheith sásta a fheiceáil go bhfuil leanaí san áireamh anois i rialacháin i [ndiaidh fhoilsiú an Rialacháin Sláinte \(Leasú\) \(Ceadúnú Soláthraithe Tacaíochta Baile Gairmiúla\)](#) ag deireadh 2025. Tá súil againn go gcuirfidh an t-athrú seo feabhas mór ar sholáthar cúraim do leanaí cosúil le Luke amach anseo.



Saincheist Fócais 4:

Easpa Acmhainní ina Bhac ar Chearta Leanaí

Gach bliain faigheann an OCO gearáin faoi liostaí feithimh le haghaidh tithíochta, Measúnú ar Riachtanas (AON), seirbhísí Foireann Líonra Míchumais Leanaí (CDNT), seirbhísí Cúraim Phríomhúil, ganntanas áiteanna scoile, agus CAMHS. Cloisimid ó thuismitheoirí an tionchar tubaisteach a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar fholláine a gcuid leanaí, agus is cúis mhór imní é don OCO toisc go bhfuilimid teoranta don mhéid is féidir linn a dhéanamh do na teaghlaigh seo. Is é is cúis leis seo ná go n-insíonn comhlachtaí poiblí dúinn go minic nach féidir freastal ar na riachtanais sin mar gheall ar ghanntanas foirne.

D'fhoilsigh an OCO ár dtuarascáil [Riachtanais nár Sásaíodh](#) in 2020, inar leagadh béim ar na dúshláin atá roimh leanaí in Éirinn a dteastaíonn measúnú ar a riachtanais uathu. Is léir ó na gearáin atá á bhfáil againn go fóill gur ceist í seo. Tá gearáin iomadúla faighte againn maidir le moilleanna i leanaí a fhaigheann cóireáil agus coinní i seirbhísí Míchumais Leanaí agus i gCúram Príomhúil. I gcuid mhaith de na gearáin seo, d'fhiosraíomar leis an FSS, agus deir siad go bhfuil na ceisteanna seo mar thoradh ar easpa foirne.

Ní féidir leis an OCO comhlachtaí poiblí a threorú maidir le conas a n-acmhainní a úsáid. Mar sin féin, is léir go bhfuil drochthionchar suntasach ag na moilleanna sin ar an liosta feithimh ar fhorbairt leanaí, ar mheabhairshláinte agus ar a gcearta. Tá sé cloiste againn ó thuismitheoirí atá in éadóchas mar is eol dóibh go mbeadh a mac ceithre bliana d'aois in ann cumarsáid a dhéanamh leo da mbeadh teiripe urlabhra agus teanga aige; ó thuismitheoirí a bhíonn ag smaoineamh an mbeadh a leanbh 13 bliana d'aois in ann siúl da mbeadh fisiteiripe faighte acu nuair a bhí sí níos óige; nó faoi bhuachaill uathachasach 17 mbliana d'aois atá i gcúram cónaithe toisc nár mhór dá thuismitheoirí é a ghéilleadh de bharr nach bhféadfaidís aire shábháilte a thabhairt dó sa bhaile níos mó de bharr easpa seirbhísí. Tá sé cloiste againn ó thuismitheoirí atá ar liostaí feithimh sé bliana le haghaidh seirbhísí faoisimh.

Taobh thiar de gach staitistic maidir leis an líon leanaí ar an liosta feithimh, tá teaghlach atá croíbhriste agus faoi ualach an 'dá mba rud é'.

Ba mhaith leis an OCO línte cumarsáide níos oscailte agus níos trédhearcaí a fheiceáil do theaghlaigh a dhéanann bealaí le haghaidh seirbhísí a mhapáil go soiléir. Ón bpointe iontrála, ba cheart tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi mhoilleanna dóchúla agus ba cheart tréimhse ama réasúnta a thabhairt dóibh maidir leis an uair is féidir lena leanbh a bheith ag súil le seirbhís. Ba cheart seirbhís abhcóideachta thiomnaithe a bheith i bhfeidhm do leanaí faoi mhíchumas, chun cabhrú le teaghlaigh nascleanúint a dhéanamh ar na seirbhísí sin agus gníomhú mar abhcóidí dóibh. Ba mhaith linn freisin athbhreithniú a fheiceáil ar an gcóras gearáin maidir le Measúnú ar Riachtanais, áit a stiúrtar go leor tuismitheoirí. Cé go gcloítear leis na gearáin seo i bhformhór na gcásanna, ní thairgtear aon réiteach, agus fágтар teaghlaigh fós ag fanacht le seirbhís.

4. Oideachas faoi Chearta

Tá ról ríthábhachtach ag ár gCláir Oideachais, Chearta agus Fhor-rochtana maidir le nascadh go díreach le leanaí agus le daoine óga ar fud na hÉireann gach bliain. Le linn gach téarma acadúil, tugann daltaí bunscoile agus meánscoile ó gach cearn den tír cuairt ar oifig an OCO chun páirt a ghlacadh i gceardlanna idirghníomhacha faoi stiúir ár bhFoireann Oideachais um Rannpháirtíocht agus Cearta. Tá na seisiúin seo deartha le bheith beomhar, ionchuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de, ag cabhrú le leanaí a gcearta a thuiscint ar bhealach praiticiúil agus bríoch, agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról an OCO. Thar aon ní eile, tá sé mar chuspóir againn a chinntiú gur féidir le leanaí a fheiceáil conas a bhaineann a gcearta lena saol laethúil – sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail.

Oibrímid freisin chun teacht ar leanaí a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí nó i mbaol imeallaithe. Díríonn ár gcuid oibre for-rochtana spriocdhíríte go sonrach ar leanaí atá ina gcónaí in ionaid IPAS, ar mhionaoisigh neamhthionlactha atá ina gcónaí faoi chúram, agus ar sheirbhísí spriocdhíríte don óige (daoine óga den lucht siúil, daoine óga imirceacha, daoine óga LADTIA, daoine óga faoi mhíchumas). Tríd an méid sin, cinntímid go sroichimid leanaí a mbíonn a nguthanna faoi ghannionadaíocht go minic agus a bhféadfadh bacainní breise a bheith rompu maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis faoina gcearta. Cruthaíonn na ceardlanna seo spásanna sábháilte le plé, cothaíonn siad muinín, agus ardaíonn siad feasacht ar chearta ar bhealach a thugann cumhacht do leanaí labhairt amach agus a nguth a aithint. Chun inrochtaineacht a uasmhéadú, cuirimid seisiúin ar fáil inár n-oifigí agus trí thaisteal chuig grúpaí ina bpobail féin. In 2025 thugamar cuairt ar Loch Garman/Port Láirge, Corcaigh agus an Longfort toisc nach raibh ach rannpháirtíocht theoranta ag gach ceantar linn san am a chuaigh thart.

Taithí Oibre na hIdirbhliana

In 2025, chuir muid fáilte roimh naonúr daltaí Idirbhliana chuig ár n-oifig le haghaidh socrúcháin struchtúrtha taithí oibre i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna. Tá clár na hIdirbhliana ina chuid thábhachtach dár dtiomantas níos leithne chun struchtúir rannpháirtíochta a neartú agus chun a chinntiú go bhfanfaidh leanaí agus daoine óga lárnach inár gcuid oibre.

Tá an clár taithí oibre deartha chun léargas a thabhairt do mhic léinn ar ról na hOifige agus chun páirt ghníomhach a thabhairt dóibh in obair fhiúntach aois-oiriúnach. Le linn na seachtaine, cuirtear mic léinn in aithne don UNCRC, ról an OCO, agus na feidhmeanna éagsúla a dhéantar ar fud na heagraíochta.

Le linn a socrúcháin, rinne mic léinn na hIdirbhliana an méid seo a leanas:

- Chabhraigh siad le foireann OCO ag Cainteanna Leanaí i mí na Samhna.
- D'fhreastail siad ar Cheardlanna ar Oideachas faoi Chearta, áit a bhfuair siad taithí phearsanta ar an gcaoi a gcuirtear cearta leanaí i láthair agus a bpléitear iad i suíomhanna scoile.
- Rinnéadar taighde ar théamaí tosaíochta don Aonad um Rannpháirtíocht agus Oideachas um Chearta (P&RE), ag cur le taighde cúlra agus le peirspictíochtaí an óige i dtionscadail leanúnacha.
- Bhuaill siad le Niall agus le baill foirne ó gach aonad chun foghlaim faoin réimse oibre atá á dhéanamh ar fud na hOifige.
- A mblagphostálacha féin a scríobh agus a fhoilsiú ar shaincheist chearta leanaí dá rogha féin.

5. Guthanna Leanaí

Painéal Comhairleach don Óige OCO (YAP)

Leanann an Painéal Comhairleach don Óige (YAP) de ról tábhachtach a bheith aige in obair an OCO agus táimid buíoch as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas gach bliain. In 2025, bhí 24 chomhalta ag an YAP OCO ó cheann ceann na tíre. Is iad an dá phríomhfheidhm atá ag an YAP comhairle a chur ar an OCO maidir leis na saincheistanna agus na hábhair imní atá ag teacht chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga agus a dtuairimí a roinnt maidir le hábhair agus téamaí atá tábhachtach go straitéiseach don OCO.



Comhaltaí YAP 2025

Ailis Malone

Eoin Carpenter

Mia Harding

Ella Norton

Rachel Fleming

Amelia Rushe

Toby Murphy

Hannah Price Li

Christopher Garvey

Daniel Aibuedefe

Alicia Kellett

Aoibhinn McDermott

Faith Langdon

Olan Doogan- Bellec

Sinead Murray

Emilia De Búrca

Luke Fagan

Aurijus Mikulskis

Luke Fagan

Holly Cahill

Bel Nabulele

Grace French

Molly Brereton

Lenta Ali

Killian Byrne

Shakar Ali

Princess Ogumefu

Fionn McWeeney

Esther Tamadoe

Buaicphointí YAP 2025

YAP i bParlaimint na hEorpa, an Bhruiséil

Bealtaine

Thaistil 11 chomhalta den YAP agus foireann an OCO chuig Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil ar chuireadh ó Kathleen Funchion, FPE na hÉireann Theas. Ba é cuspóir na cuairte abhcóideacht a dhéanamh ar son leanaí agus daoine óga a bhfuil fíor-chúis acu i gceapadh beartais na hEorpa. Bhí an tionscnamh seo mar chuid de tiomantas níos leithne ón Aontas chun a áirithiú go n-aithneofar agus go gcloífead le cearta leanaí i gcomhréir le UNCRC agus le Cairt um Chearta Bunúsacha AE. Le linn an turais, tugadh turas teoraithe don ghrúpa ar Pharlaimint na hEorpa agus bhí deis acu páirt a ghlacadh i Seisiún C&F an-beomhar agus táirgiúil le roinnt FPEanna Éireannacha. Ní bheadh aon turas go dtí an Bhruiséil críochnaithe gan cuairt a thabhairt ar cheardlann déanta strufail seacláide Beilgeach, rud a fhágann gur bealach spráíúil agus i gcuimhne é chun taithí a fháil ar an gcultúr áitiúil. Ba dheis iontach é seo do dhaoine óga taithí a fháil ar an daonlathas i mbun gnímh ar leibhéal na hEorpa agus bhí an YAP an-bhuíoch as an deis.



YAP agus an OCO ag ceiliúradh chearta leanaí LADTIA ag Bród Bhaile Átha Cliath

Bealtaine

Ba é téama Bród Bhaile Átha Cliath 2025 ná “Dánacht a Thógáil,” comóradh 10 mbliana de gharspriocanna dlíthiúla suntasacha na hÉireann in 2015, lena n-áirítear an reifrean ar phósadh comhghnéis, an tAcht um Inscne a Aithint, agus an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghligh.

Chuaigh comhaltaí YAP i ngleic le stair gluaiseacht Bród in Éirinn agus rinne siad iniúchadh ar an gcomhthéacs sóisialta agus polaitiúil níos leithne, a d’fhág go raibh tábhacht ar leith le paráid na bliana 2025. Leag téama na bliana seo béim ar an gcaoi ar baineadh cearta LADTIA+ amach go crua trí ghníomhaíochas leanúnach agus ar maidin Paráid Bród, d’fhreastail comhaltaí YAP, in éineacht le foireann OCO, ar Bhricfeasta Bród BelongTo, áit ar tháinig ionadaithe ó eagraíochtaí óige ar fud na tíre leo agus mháirseáil siad chuig Cearnóg Mhuirfean.



YAP ag Comhchoiste an Oireachtais um Intleacht Shaorga

Meán Fómhair

Chuir YAP, arna ionadú ag Fionn McWeeney, Grace French agus Holly Cahill, an tuarascáil Intleacht Shaorga agus Sinne faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Intleacht Shaorga (IS) le Niall. Deis a bhí sa chur i láthair chun aird a tharraingt ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le teacht chun cinn IS. Le linn an tseisiúin, d'áitigh an YAP ar chomhaltaí an Choiste tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht leanaí i bhforbairt agus i rialáil IS. D'iarr siad go ndéanfaí cosaintí níos láidre, oideachas digiteach feabhsaithe, agus tiomantas soiléir chun a chinntiú go bhfuil uirlisí IS deartha le cearta agus folláine leanaí ina gcroílár.



Obair chomhairleach YAP:

Ní Oireann Méid Amháin do Chách– tuairisc OCO ar thoirmeasc gutháin i scoileanna agus cearta leanaí
Bhreathnaigh an YAP ar an tionchar a bheadh ag an gcosc ar ghutháin scoile atá beartaithe ar chearta digiteacha leanaí

Comhairliúchán OCO YAP, IS agus Muid

Bhreathnaigh an YAP ar an gcaoi a bhfuil tionchar dearfach agus diúltach ag IS ar chearta leanaí agus daoine óga

Antoiseachas, Idirdealú agus Róil Inscne – Suirbhé scoile

Ghlac an YAP páirt i bhfócasghrúpaí a chuidigh linn ceistneoir suirbhé Meánscoile an OCO a fhorbairt agus a mhúnlú, ag soláthar léargais luachmhara.

Tuairisc Guthanna Glúine Eile

Chuir an YAP a gcúig phríomharraidh ar dhaoine óga don Rialtas nua chun cinn sna cúig bliana amach romhainn.

Téarmaí Tagartha YAP

Bhí baint ag an YAP le cruthú na dTéarmaí Tagartha do Phainéal Comhairleach don Óige an OCO

Ócáid Ionchorpraithe UNCRC don óige an OCO ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA)

Chabhraigh an YAP le cruthú ábhair agus le cur síos a dhéanamh ar chuspóirí na hócáide, mar aon le seachadadh iomlán an lae. D'fhóin siad ní hamháin mar rannchuiditheoirí ach mar chomhchruthaitheoirí, agus ó na céimeanna pleanála is luaithe d'oibrigh siad leis an bhfoireann chun an clár oibre a mhúnlú, chomh maith le cuidiú le príomhtheachtaireachtaí a bhí bunaithe ar a dtaithí saoil féin a bheachtú. Ar an lá féin, sheas comhaltaí YAP go muiníneach i róil cheannaireachta trí óráidí a thabhairt, trí pháirt a ghlacadh i bplé painéil, agus trí phlé a éascú. Leag a rannpháirtíocht an téama don ócáid trí dhaoine óga a chur ina lár.

C&I Obair atá oiriúnach do leanaí

D'oibrigh an YAP lenár bhfoireann Gearán agus Imscrúduithe chun cabhrú le próiseas gearán an OCO a dhéanamh níos oiriúnaí do leanaí

Acmhainn OCO do mhúinteoirí ar shaincheisteanna sóisialta atá ag teacht chun cinn

Chuathas i gcomhairle leis an YAP maidir le creat a fhorbairt le haghaidh acmhainn oideachais bunaithe ar chearta atá coimisiúnaithe ag an OCO ó OCBÁC, atá dírithe ar dhul i ngleic le dearthaí diúltacha agus faisnéis mhícheart maidir le hinimirce i measc daoine óga

Cad a d'inis ár gcomhaltaí YAP a bhí ag imeacht dúinn faoina dtaithe:

“Thug an YAP an oiread sin deiseanna agus cuimhní dom, ó chuairt a thabhairt ar an Áras agus labhairt san Oireachtas go taisteal chuig Parlaimint na hEorpa. Ag mothú i gcónaí mar chuid den fhoireann agus cosúil le comhalta luachmhar den OCO.”

Luke

“Bhí mo chuid ama leis an YAP níos fearr ná mar a d'fhéadfainn a shamhlú. Tá an deis faighte agam an oiread sin taithe éagsúil a dhéanamh nár shíl mé riamh go mbeinn in ann a dhéanamh.”


Faith

“Eispéireas dearfach a bhí i mo chuid ama ar an YAP d'fhoghlaim mé go leor, bhuail mé le roinnt daoine iontacha agus thug sé muinín mhór dom freisin agus mé ag dul ar aghaidh.”

Murphy

“Thug YAP deis dom an taobh dearfach den saol a fheiceáil; mhothaigh mé go raibh daoine ag éisteacht liom, agus go raibh tábhacht agus luach liom. Ba é an chéad chruinniú a bhí agam sa Dáil an chuimhne is fearr liom. Bhí mé neirbhíseach ar dtús ach tar éis dom gach duine a fheiceáil ag labhairt amach gan breithiúnas a thabhairt orthu, mhothaigh mé muinéach láithreach.”

Esther



“Bhain mé taitneamh as a bheith mar chuid de phlé fiúntach ina raibh meas ar dhearcthaí na hóige. D’fhoghlaim mé níos mó faoi abhcóideacht, beartas, agus conas is féidir le hionchur na hóige tionchar a imirt ar an bhfíorathrú. D’fhoghlaim mé go leor ón YAP agus OCO agus beidh mo chuid ama leo luachmhar i gcónaí.”

Killian

“Táim buíoch go deo de mo thaithí agus crónóidh mé an fhoireann iontach agus comhaltaí eile den YAP agus mholfainn d’aon duine iarratas a dhéanamh is cuma cén spéis atá agat nó cé tú féin!”

Sinead

“Tá sé deacair an t-am is fearr liom a roghnú nó aird a tharraingt ó mo chuid ama ar an YAP. Is é an t-aon rud is féidir liom a rá ná cé chomh buíoch agus atá mé nár mhothaigh mé riamh gan tacaíocht, fiú ar feadh soicind. Tá pobal áirithe ann a thagann ó bheith mar chuid den OCO agus ní dhéanfaidh mé dearmad air sin go deo”

Bel

Comhairliúcháin leis an Aos Óg

Coimisiún na Meán (An Coimisiún) agus Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO)

Bhí áthas ar an OCO oibriú le Coimisiún na Meán (An Coimisiún) agus le hOifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO) in 2025 chun a chinntiú go gcloisfí guthanna leanaí i dtaighde ar dhearccháil lucht féachana ar ábhar meán a d'fhéadfadh a bheith díobhálach nó maslach agus ar éifeachtacht na mbeart rialála. Cuideoidh an taighde seo le bonn eolais a chur faoi aicmiú agus rialáil scannán amach anseo.

Ba é ról an OCO clár comhairliúcháin náisiúnta a dheardh agus a sholáthar le leanaí agus le daoine óga. Rinneadh scrúdú sa taighde ar dhearcadh i leith foréigin, ábhar gnéasach agus nochtacht, iompraíochtaí contúirteacha nó díobhálacha, agus drochtheanga. Bhí sé d'aidhm aige bonn eolais a chur faoi rialáil chomhréireach lena n-urramaítear cearta, tacú le córais éifeachtacha aicmithe agus treorach, agus cuidiú le lucht féachana a chosaint.

Reáchtáladh ocht bplé fócasghrúpa i láthair go pearsanta i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2025 le 61 leanbh 8–17 bliain d'aois.

Léirigh príomhthorthaí an tionscadail go baineann leanaí úsáid as na meáin ina n-aonar agus le daoine eile, agus is dóichí go bhféachfaidh leanaí níos sine go neamhspleách ar fhóin agus ar ardáin sruthaithe. Athraíonn tuairimí maidir le hábhar díobhálach de réir aoise agus comhthéacs: tuairiscíonn leanaí óga tionchar teoranta, agus braitheann rannpháirtithe níos sine go bhfuil siad ró-nochta—go háirithe trí na meáin shóisialta. Go ginearálta, glactar le drochtheanga níos éasca ná mar a ghlahtar le cineálacha eile ábhair. Tá dearmad tuismitheoirí coitianta i measc leanaí níos óige ach níos lú i measc rannpháirtithe níos sine. Cé go dtuigeann formhór na bpáistí rátálacha ábhair agus córais tuairiscithe, tá feasacht Coimisiún na Meán níos ísle ná feasacht IFCO.



Audience Perspectives on Harmful and Offensive Media Content

Focus groups with children and young people



ombudsman
do leanaí
for children



Coimisiún
na Meán



IFCO
ÓFFIS AN tAICMITHE NA hÉIREANN
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Tionscadal Taighde um Shaolta Óga i mBaol

Is mórfhiosa oibre é tionscadal taighde Saol na nÓg i mBaol de chuid an OCO don OCO a thosaigh in 2025 agus a bhfuil sé mar aidhm aige bearnaí i mbeartas agus i seirbhísí do na leanaí agus na daoine óga is leochailí in Éirinn a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Dírionn an tionscadal 12 mhí ar eispéiris leanaí chomh hóg le 10 mbliana d'aois atá faoi lé aimhréidh ar nós cliseadh teaghlaigh, bochtaineacht, eisiámh oideachais, dúshaothrú coiriúil agus gnéasach, rannpháirtíocht cúraim, andúil, easpa dídine, agus géarchéimeanna arís agus arís eile i meabhairshláinte.

Is minic gur féidir le leanaí sna cásanna seo sleamhnú idir seirbhísí agus an chabhair a theastaíonn uathu a chailleadh. Tá siad i mbaol freisin a bheith gafa i ndrionganna agus sa chóras ceartais choiriúil. Léiríonn an fhianaise go bhfuil fíorbhaol ann go bhfaighidh na daoine óga sin bás roimh am nó go ndéanfar díobháil mharthanach dóibh má theipeann ar na córais i gcónaí.

Le linn bliana, rachaidh an OCO i mbun comhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga sna cásanna seo, rud a chuirfidh bonn eolais faoi phlean gníomhaíochta comhleanúnach a fhorbairt a thabharfaidh gníomhaireachtaí agus seirbhísí éagsúla le chéile chun tacaíochtaí agus seirbhísí a fheabhsú.

Tá Saolta Óga i mBaol spreagtha ag Tionscadal Choimisiún na Ríochta Aontaithe um Shaol Óg ach atá múnlaithé d'Éirinn. Foilseofar an tuarascáil ar an gcomhairliúchán le daoine óga agus an plean gníomhaíochta deiridh don Rialtas in 2026.

Suirbhé Scoile OCO ar an Antoisceachas, Idirdealú agus Ról Inscne

Cuid thábhachtach d'obair an OCO is ea tuairimí daoine óga a lorg ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu orthu agus léiríonn ár suirbhé scoile léargas in am ar ábhar ar leith. I 2025, rinneamar suirbhé ar dhaltáí meánscoile maidir le hantoisceachas, idirdhealú agus ról inscne. Bhí go leor plé sna meáin agus san fhearann poiblí faoi na hábhair seo, ach is beag taighde a rinneadh ar chonas, agus má bhí, tionchar á imirt ar leanaí. Thugamar faoi deara freisin go raibh na saincheisteanna sin ag teacht chun cinn inár gceardlanna oideachais um chearta, agus inár suirbhé scoile in 2024, dúirt 36% de leanaí linn gur fhulaing siad idirdhealú. In 2025, d'oibríomar lenár YAP agus le grúpaí páirtithe leasmhara leanaí chun an ceistneoir a fhorbairt. Ghlac 626 páiste ó 28 meánscoil ar fud na hÉireann páirt inár suirbhé ar líne ó liosta a cruthaíodh le próifílí déimeagrafacha agus réigiúnacha faoi threoir sonraí CSO. Mar chuid de sin bhí scoileanna DEIS agus neamh-DEIS, scoileanna príobháideacha, gaelscoileanna, chomh maith le scoileanna a ghlac páirt i gCeardlanna Oideachais faoi Chearta OCO agus an YAP.

Léirigh ár suirbhé go dtagann 63% de dhaoine óga ar thuairimí antoisceacha ar líne, i gcomparáid le díreach 6% i bhfíorshaol. Measann 55% de dhaltáí freisin go bhfuil tuairimí níos antoisceacha ag buachaillí ná ag cailíní, agus aontaíonn 51% go bhfuil na tuairimí sin níos dírithe ar bhuaichailí ar líne. D'iarr an OCO ar an Rialtas tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar fhás tuairimí antoisceacha i measc leanaí agus plean a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo ó aois óg. Molann an Oifig freisin go ndíreofaí go speisialta ar chearta leanaí san obair rialála a bhaineann le IS i bhfianaise an naisc idir an domhan ar líne agus an t-antoisceachas.



Cainteanna Leanaí 2025

Buaicphointe féilire don OCO is ea ár n-imeacht bliantúil Cainteanna Leanaí ar Lá Domhanda na Leanaí an 20 Samhain. Ar siúl ag an Helix in DCU, thug Cainteanna Leanaí seisear cainteoirí óga ar an stáitse os comhair lucht féachana beo suas le 1,000 páiste scoile. Déantar an seó a bheosruthú freisin chuig scoileanna ar fud na tíre ar shuíomh gréasáin an OCO. Gach bliain déanann daoine óga iarratas chuig an OCO chun páirt a ghlacadh i gCainteanna Leanaí chun saincheist atá tábhachtach dóibh a phlé. I measc na n-ábhar do 2025 bhí cailíní in ETIM, spásanna do leanaí le crochadh timpeall, tionchar pearsanta na géarchéime tithíochta ar dhuine óg, tábhacht na seirbhísí óige agus imní faoi mhéadú ar idirdhealú in Éirinn. Is iad Mark Langtry ‘the Science Guy’ agus an t-iar-chainteoir Ben Barrett a chur Cainteanna Leanaí 2025 i láthair agus bhí siamsaíocht ó Bhanna Gaoithe MGW ag Music Generation Phort Láirge, ón amhránaí/cumadóir Brad Heidi, agus ó dhioscmharcaigh Music Generation dlr Finn O’Brien (DJ Silt) agus DJ Jorja Forsyth. Ócáid uathúil, músclaíonn Cainteanna Leanaí feasacht ar chearta leanaí, cuireann siad obair an OCO chun cinn agus tugann sé guth do dhaoine óga.

Coimeádaí na gCeart

Agus comóradh 20ú bliain an OCO á cheiliúradh againn, chuamar i gcomhar le Kids Own Publishing chun leabhar a chruthú do leanaí, ag leanaí, chun foghlaim faoina gcearta agus faoi ról an OCO. **Scríobhadh agus dearadh Coimeádaí na gCeart** ag 15 leanbh idir 6-12 bliana d’aois a ghlac páirt i gceardlanna oideachais um chearta leis an OCO ag tús an tionscadail. Mínítear obair ár n-oifige agus cearta leanaí chomh maith sin ag na leanaí a ghlac páirt i scríobh an leabhair seo. Bainimid leas as an obair iontach atá déanta acu chun ár gcuid oibre a mhíniú do na daoine óga a gcasaimid orthu, agus tá súil againn go mbeidh sé ina chabhair ag leanaí i scoileanna ar fud na hÉireann a gcearta agus cad a dhéanaimid a thuiscint.

Cruthaíodh Coimeádaí na gCeart freisin mar Chlosleabhar, arna aithris ag an aisteoir óg Éireannach Alisha Weir, príomhpháirt aici i Matilda, agus ina raibh guthanna na leanaí a chruthaigh an leabhar. Tá an closleabhar ar fáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin an OCO agus ar gach ardán sruthaithe i mBéarla agus i nGaeilge araon. Seoladh an leabhar agus bronnadh é ar leabharlanna ar fud na tíre, chomh maith le scoileanna éagsúla, clubanna iarscoile, eagraíochtaí óige. Tá sé saor in aisce a ordú. Táimid an-bhuíoch do Charlie, Evie, Faye, Ghazal, Heidi, Jack G., Jack H., Katie, Liam, Luke, Maja, Rhianna, Rosie, Sachi agus Victoria.



OCO ag Taispeántas an Eolaí Óig BT

Is deis iontach é an seastán OCO ag Taispeántas an Eolaí Óig BT ag an RDS i mí Eanáir chun bualadh leis na mílte leanaí, múinteoirí agus tuismitheoirí chun obair na hOifige agus cearta leanaí a chur chun cinn. I 2025 don dara bliain, chuireamar dámhachtain an OCO um Chearta Leanaí i láthair freisin do thionscadal lena leagtar béim ar chearta leanaí nó lena gcuirtear chun cinn iad, arna roghnú ag painéal breithiúna YSE. Ba iad Julia Kuczwalska agus Alicia Nic an Bhaird ó Choláiste Pobail Ros Comáin buaiteoirí 2025, a bhfuil a dtionscadal, ‘Focail gan ballaí’ ina iniúchadh cumhachtach ar thionchar mothúchánach na mbacainní teanga ar mhic léinn. Bhí lúcháir orainn freisin fáilte a chur roimh Alicia agus Julia go dtí Oifig OCO i mBaile Átha Cliath i rith na bliana chun a dtionscadal a thaispeáint don fhoireann agus do ghrúpa Ambasadóirí Scoile OCO.



Clár Ambasadóra Scoile OCO

Tá Clár Ambasadóra Scoile ag dul ó neart go neart, agus in 2025 leathnaíodh an clár chun meánscoil a chuimsiú. Anois sa tríú bliain den Chlár Ambasadóra Scoile, tagann an OCO le chéile le dhá ghrúpa rang a sé ó dhá bhunscoil agus grúpa céadbhliana ó mheánscoil chun cabhrú linn feasacht a mhúscailt ar chearta leanaí agus guth an linbh a chur chun cinn ar líne agus sa seomra ranga.

Tosaíonn ár dturas nuair a chuireann an OCO ceardlann Oideachais faoi Chearta ar fáil do gach grúpa Ambasadóra agus obair an OCO á míniú. Bíonn cuairteanna ann freisin ó fhoireann an OCO agus Niall i rith na bliana. Tugann ár nAmbasadóirí Scoile a dtuairimí ar ábhair éagsúla i rith na bliana, amhail cearta leanaí, Seachtain na Gaeilge agus Lá na Sábháilteachta Idirlín, a roinntear ansin ar ár gcainéil meán sóisialta.

Freastalaíonn siad freisin ar ár n-imeacht bliantúil Cainteanna Leanaí ar Lá Domhanda na Leanaí. Déanann bun scoileanna agus meánscoileanna ó gach cearn den tír iarratas ar pháirt a ghlacadh sa chlár agus tá lúcháir orainn a bheith ag obair lenár nAmbasadóirí Scoile 2025/2026, Scoil Mhuire Na Trócaire i mBaile Átha Fhirdhia, Co. Lú, Ag Foghlaim Le Chéile Bracken i mBaile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath, agus i gColáiste Pobail Ros Comáin in Ard na nEach, Co. Ros Comáin.



6. Ár Bhfeachtas chun UNCRC a Ionchorprú go Hiomlán agus go Díreach i nDlí na hÉireann

Let's get it
right !!!

Full and direct incorporation
of the **UNCRC** into Irish law

Tá an OCO tiomanta d'ionchorprú iomlán agus díreach an UNCRC i ndlí na hÉireann a chur chun cinn, rud a chreidimid a dhéanfadh athrú iomlán ar thírdhreach chearta an linbh in Éirinn. In ainneoin gur dhaingnigh an Stát an UNCRC i 1992, níl aon fhíorchumhacht aige anseo fós. Tá a fhios againn gur féidir ionchorprú iomlán díreach a dhéanamh, mar atá déanta cheana féin i roinnt tíortha eile lena n-áirítear Albain, an Iorua agus an tSualainn, agus ní gá reifreann a bheith ann chun go dtarlóidh sé. Tá ionchorprú iomlán díreach ar cheann de na príomhspriocanna inár bPlean Straitéiseach 2025-2027 agus in 2025 a chuir tús lenár bhfeachtas chun cearta leanaí a fhíorú. Leanfaidh feachtas an OCO ar aghaidh go dtí 2026 agus sna blianta amach romhainn go dtí go ndéanfar ionchorprú iomlán díreach in Éirinn.

Rannpháirtíocht pholaitiúil

I 2025, bhuaileamar leis an Taoiseach, leis an Aire Leanaí, leis an Aire Sláinte, leis an Aire Dlí agus Cirt, leis an Aire Oideachais agus leis an Aire Oideachais Speisialta agus leagamar amach cén fáth gurb é ionchorprú iomlán díreach UNCRC an rud is tábhachtaí is féidir linn a dhéanamh chun cearta leanaí a chosaint. I rith an tsamhraidh, scríobhamar chuig an gComhchoiste um Leanaí agus Comhionannas ag iarraidh orthu UNCRC a ionchorprú ina bplean oibre in 2026. Tá áthas orainn gur aontaigh siad roinnt seisiún a óstáil ar an ábhar seo agus cuireadh a thabhairt do leanaí agus do shaineolaithe a dtuairimí a roinnt.

Imeacht do Dhaoine Óga UNCRC

D'óstáil an OCO imeacht i mí Dheireadh Fómhair 2025 ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), ag ceiliúradh seoladh oifigiúil feachtais faoi stiúir an aosa óig inar iarradh corprú iomlán díreach. Ba chéim shuntasach é an tionscnamh seo i dtreo cosaint dlíthiúil chearta an linbh in Éirinn a neartú agus a chinntiú go bhfuil guthanna daoine óga lárnach i gcinntí a dhéanann difear dá saol.

Bhí sé mar aidhm ag an imeacht tathant ar Rialtas na hÉireann an UNCRC a chur i bhfeidhm go díreach sa reachtaíocht intíre. Le hionchorprú díreach, d'áiritheofaí ní hamháin go n-aithneofaí cearta leanaí i bprionsabal, ach go gcosnófaí iad go dlíthiúil, go mbreithneofaí go comhsheasmhach iad i gceapadh beartas agus i soláthar seirbhísí, agus go dtacófaí leo le sásraí soiléire inrochtana le haghaidh sásaimh nuair a sháraítear na cearta sin. Agus an méid sin á dhéanamh aici, bheadh Éire níos gaire dá tiomantais idirnáisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga a chomhlíonadh go hiomlán.

Bhí ról lárnach ag an YAP in ullmhú agus i seachadadh an imeachta. Ó mhúnlú an chláir oibre agus príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt go labhairt ar an lá agus plé a éascú, bhí daoine óga i gcroílár sheoladh an fheachtais. Thug a gceannaireacht agus a dtaithe saoil barántúlacht, práinn agus treoir don ghlaio ar athrú.

Thug an ócáid thart ar 120 duine óg ó ghrúpaí óige ar fud na hÉireann le chéile, rud a chruthaigh guth cumhachtach comhchoiteann don athchóiriú. Chuala daoine a bhí i láthair ó chainteoirí spreagúla lena n-áirítear Cara Darmody, gníomhaí míchumais, agus Mohammed Naeem, iar-Toscaire Óige na Náisiún Aontaithe, a threisigh an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na hóige agus abhcóideacht chearta-bhunaithe. I measc na n-eagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ar an lá bhí Foróige, Youth Work Ireland, agus Comhairle na nÓg, a léirigh rannpháirtíocht láidir trasearnála.

Ag breathnú amach romhainn, díreoidh ár bhfeachtas ar dhaoine óga a chumasú chun a gcearta a thuiscint, a éileamh agus a chosaint. Áireofar leis sin tionscnaimh múscailte feasachta, abhcóideacht faoi stiúir na hóige, rannpháirtíocht le lucht ceaptha beartas, agus comhoibriú le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar fud na tíre. Oibreoidh an feachtas freisin chun a chinntiú go gceanglaítear go dlíthiúil ar chomhlachtaí agus ar sheirbhísí poiblí gníomhú ar mhaithe le leas an linbh mar phríomhthosaíocht i ngach cinneadh a dhéanann difear dóibh.

Trí mhóiminteam a fhorbairt ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal náisiúnta tá sé d'aidhm ag ár bhfeachtas athrú reachtach marthanach a chruthú – lena gcinnteofar nach breithnithe roghnacha iad cearta leanaí, ach caighdeán infhorfheidhmithe atá leabaithe i ndlí na hÉireann. I ndeireadh na dála, féachann an feachtas le todhchaí a chinntiú ina gcloistear, ina n-urramaítear agus ina gcosnaítear gach leanbh in Éirinn.



7. Ag Moladh do Chearta Leanaí i mBeartais agus Dlíthe

Aighneachtaí

An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta

In 2025, chuir an OCO ár moltaí ar fáil chun an Bille Cosanta Idirnáisiúnta a neartú chun cearta leanaí imirceacha a chosaint. Is é an Bille um Chosaint Idirnáisiúnta an t-athchóiriú is suntasaí ar dhlíthe tearmainn na hÉireann i stair an Stáit. Bhí imní mhór orainn nach gcuirfeadh an Bille cosaintí leordhóthanacha ar fáil do chearta leanaí imirceacha, go háirithe iad siúd a thagann ina n-aonar. Dhíríomar ar an ngá atá le cosc a chur ar choinneáil inimirce leanaí, ar a áirithiú go ndearnadh prionsabal an leasa is fearr a ionchorprú go hiomlán sa bhille, ar shamhail chaomhnóireachta neamhspleách do leanaí neamhthionlactha agus ar phróiseas measúnaithe aoise a bhí i gcomhréir le cearta leanaí.

Chuaigh an OCO i dteagmháil go comhsheasmhach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an gComhchoiste um Cheartas le linn 2025 maidir leis na saincheisteanna sin:

- Aighneacht OCO ar an [bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme do Chomhaontú AE](#) i mí an Mhárta
- Aighneacht OCO dár [mBreathnuithe ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Idirnáisiúnta](#) i mí an Mheithimh
- Ag teacht os comhair an [Chomhchoiste](#) i mí Dheireadh Fómhair

Leanann an OCO leis an mBille a leanúint go dlúth in 2026, agus déanfaidh sí monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe lena chinntiú go gcosnaítear, go n-urramófar agus go gcomhlíonfar cearta leanaí.

Bille na Leanaí (Leasú)

Chuir an OCO ár [mBreithnithe ar Scéim Ghinearálta Bhille na Leanaí \(Leasú\) 2024](#) isteach i Meán Fómhair 2025, a mholann sraith leasuithe ar Acht na Leanaí 2001. D'fháiltigh an OCO roimh chuspóir ginearálta an Bhille, a bhfuil sé mar aidhm leis réiteach a fháil ar shaincheist na leanaí agus na ndaoine óga a 'théann thar aois' an chórais ceartais leanaí le linn imeachtaí, rud a fhágann gur féidir iad a ionchúiseamh mar dhaoine fásta in ainneoin iad a bheith faoi bhun 18 bliana d'aois tráth an chiona.

Inár n-aighneacht chuig an gComhchoiste um Cheartas, Gnóthaí Baile agus Imirce, mholamar roinnt forálacha lena neartófaí an tAcht leasaithe ó thaobh cearta leanaí de. Ina measc siúd:

- Aois na freagrachta coiriúla a ardú go 14 bliana d'aois
- Ceart reachtúil a thabhairt isteach chun iarchúram comhtháite agus iomchuí do leanaí atá ag fágáil coinneála
- Leasú a dhéanamh ar na hOrduithe nua um Maoirseacht ar Phianbhreith larchurtha atá ceaptha chun dul i muinín príosúnachta do dhaoine fásta a laghdú.

Chabhraigh ár n-aighneacht le heolas a thabhairt do [Thuarascáil an Choiste ar Ghrinnscrúdú Réamhreachtaíochta ar Scéim Ghinearálta Bhille na Leanaí \(Leasú\), 2024](#). Rachaidh an OCO i ngleic leis na forbairtí ina dhiaidh sin i bpróiseas reachtach an Bhille seo in 2026.

An Bille um Chaomhnóireacht Naíon (Leasú)

I mí an Mheithimh chuir an OCO aighneacht faoi bhráid an Choiste um Dhlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir le Scéim Ghinearálta an Bille um Chaomhnóireacht Naíon (Leasú), 2025. D'fhéach an píosa reachtaíochta seo le bealach éalaithe a dhúnadh trína gcoinníonn tuismitheoir a ciontaíodh as tuismitheoir eile a mharú caomhnóireacht a linbh nó a leanaí. Bhí sé mar aidhm ag an mBille leanaí leochaileacha a chosaint ar mhí-úsáid, ionramháil nó rialú breise ag tuismitheoir foréigneach.

Le blianta beaga anuas, chuala an OCO ó theaghlaigh a raibh tionchar ag an mbealach éalaithe seo orthu agus labhair siag faoin tráma breise a d'fhág sé ar leanaí ag tráth tubaisteach ina saol, ag cur béime ar leochaileachtaí leanaí i gcásanna mí-úsáide baile agus an gá atá acu le cosaint ó thuismitheoirí foréigneacha. Fáiltíonn an OCO roimh an bpíosa tábhachtach reachtaíochta seo, agus d'iarr sé go neartófaí é chun a chinntiú go n-urramófaí guth leanaí agus a leas.

An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2025

I mí Iúil, rinne an OCO Barúlacha ar an nDréacht-Bhille um Chúram Leanaí (Leasú), 2025, inar leagadh béim ar an gcaoi a bhféadfaí an Bille a neartú chun a chinntiú go n-urramófar agus go gcosnófar cearta leanaí atá faoi chúram, nó a d'fhéadfaí a chur faoi chúram, ar bhealach níos iomláine.

I measc phríomhábhair imní an OCO bhí socrúcháin i gcúram deonach, coimircí neamhleora do leanaí gan dídean agus an easpa forálacha do leanaí neamhthionlactha. Mholamar go mbeadh socruithe cúraim dheonaigh faoi réir uasteorainn ama 12 mhí, chomh maith le hathbhreithnithe neamhspleácha. D'iarramar freisin go gcuirfí toirmeasc ar shocrúcháin neamhrialáilte.

Creideann an OCO gur cheart forálacha follasacha a dhéanamh do leanaí gan tionlacan mar gheall ar a leochaileacht ar leith, ag cur béime ar reachtaíocht na hÉireann a bheith ciúin den chuid is mó maidir le cearta na leanaí seo.

San aighneacht seo, leagamar béim ar ár moladh go mbunódh Éire samhail chaomhnóireachta neamhspleách do leanaí gan tionlacan, chun a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar a riachtanais agus ar a leas.

Bhí ár nAighneacht bunaithe ar an tuairim go gcinnteodh comhtháthú cuí na gceithre phrionsabal ghinearálta de chuid UNCRC i bPrionsabail Threoracha an Achta go soláthrófaí cur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar chearta leanaí i leith cinntí agus gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Acht athbhreithnithe.

Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas

Tar éis fhoilsiú Scéim Ghinearálta an Bille um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, chuir an OCO aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste um Leanaí agus Comhionannas chun ár n-imní a chur in iúl nár thug an Scéim fhoilsithe aghaidh ar na saincheistanna a d'ardaigh muid inár n-aighneacht in 2021 maidir leis an Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas, agus bhí sí ina thost ar leanaí agus a gcearta.

Mholamar freisin go ndéanfaí UNCRC a mheas agus a ionchorprú nuair is gá sna hAchtanna um Chomhionannas, chuna chinntiú go gcuirfear cearta agus leochaileachtaí ar leith leanaí san áireamh go hiomlán. Chuidigh ár n-aighneacht le bonn eolais a chur faoi Thuarascáil an Choiste maidir leis an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar an Scéim i mí Dheireadh Fómhair. Leanfaimid orainn ag plé leis an gCoiste agus leis an Roinn chun a chinntiú go gcuirfear na moltaí seo i bhfeidhm go hiomlán.

Páipéir Faisnéise maidir le Cearta Leanaí

D'fhoilsigh an OCO sraith páipéar faisnéise maidir le cearta éagsúla leanaí, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Leasanna is Fearr an Linbh agus Meas ar thuairimí an Linbh i mí na Bealtaine 2025 chun feasacht a mhúscailt agus tuiscint níos fearr ar chearta an linbh a

chur chun cinn. Tá súil againn go n-úsáidfear iad sin chun treoir chaighdeánaithe a chur ar fáil maidir le cearta leanaí do gach fostaí Stáit a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar acu ar leanaí. Creidimid go mbeadh tairbhe ar leith ag baint leo do reachtóirí, do lucht déanta beartas, do státseirbhísigh agus do sheirbhísigh phoiblí maidir lena gcuid oibre a chur ar an eolas trí bhreithniú a dhéanamh ar chearta leanaí. Leagtar béim i bpáipéir an OCO ar oibleagáidí na hÉireann maidir le UNCRC, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le leanaí a aithint mar shealbhóirí ceart aonair, a bhfuil cearta idirspéiceacha doroinnte acu.

Tuiscint a fháil ar shaol leanaí:

Taighde ar Chearta leanaí agus daoine óga LADTIA


In 2025, chuir an OCO tús le staidéar taighde nua a choimisiúnú ar chearta agus ar thaithí leanaí agus daoine óga LADTIA in Éirinn.

Tá leanaí LADTIA an-leochaileach i leith sárúithe ar chearta agus is minic a dhéantar idirdhealú, bulaíocht agus foréigean orthu. In 2022, d'fhoilsigh an OCO Píosaí Dúinn, tuarascáil lena n-áirítear guthanna daoine óga LADTIA mar chuid de chomhairliúchán níos leithne maidir le cearta leanaí faoi UNCRC. Leagadh béim

ann ar shaincheisteanna a bhíonn os comhair leanaí LADTIA in Éirinn, lena n-áirítear dúshláin mheabhairshláinte, leithlisiú, agus bagairtí ar a bhfolláine. I mí Eanáir 2025, shainaithin Painéal Comhairleach Óige an OCO roinnt athruithe a chreideann siad ba cheart don Rialtas a dhéanamh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí LADTIA in Éirinn.

Cé go raibh an t-ionchur sin agus ionchuir eile (amhail aighneacht 2024 an OCO maidir le Straitéis um Chuimsiú LADTIA an Rialtais) luachmhar, ní dheanadh aon taighde tiomnaithe, cuimsitheach, ceartabunaithe ar thaithí leanaí LADTIA faoi bhun 18 mbliana d'aois in Éirinn. Is é an cuspóir atá lenár dtaighde tuiscint iomlánaíoch a fhorbairt ar riachtanais, dúshláin agus peirspictíochtaí leanaí agus daoine óga LADTIA in Éirinn, agus torthaí agus moltaí a chur ar fáil a bheidh mar bhonn eolais don bheartas poiblí agus don chleachtas poiblí chun seasamh níos fearr lena gcearta .

Tabharfaidh foireann taighdeoirí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, le tacaíocht ó BelongTo faoin taighde seo in 2026 agus cuimseofar fócasghrúpaí agus suirbhéanna ar leanaí agus ar dhaoine óga. Comhlánóidh sé sin freisin obair an Líonra Eorpaigh um Ombudsmain do Leanaí, a bhfuil fócas téamach acu ar chearta leanaí LADTIA in 2026.




8. Reáchtáil na hOifige

Buiséad 2025

Leithdháiltear buiséad an OCO tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais agus Míchumais DCDE) agus déantar é a tharraingt anuas ar bhonn rialta i rith na bliana. I 2025, ba é €5.026 milliún ár mbuiséad agus leagadh síos go hiomlán é faoi dheireadh na bliana (2024: €4.317 milliún, ar tarraingíodh €4.032 milliún de anuas).

Mar a leagtar amach in Ailt 17(1) agus (2) d'Acht an Ombudsman do Leanaí 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú, as rialtacht idirbhearta na hOifige a chinntiú, agus as a chinntiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanfar iniúchadh ar chuntais 2025 i mí na Bealtaine 2026 agus is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a dhéanfaidh é. I gcomhréir le hAlt 17(2) d'Acht an Ombudsman do Leanaí 2002, cuireadh na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh faoin 31 Márta 2026. Nuair a bheadh siad formheasta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilseofar na Ráitis Airgeadais do 2025 ar shuíomh gréasáin an OCO. Sholáthair Cuntasóirí Cairte Mazars ár bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí do 2025. Rinne Mazars athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i R1 de 2026 (do 2025) agus iniúchadh Slándála Sonraí i R4 de 2025.

Seo a leanas miondealú ár gcaiteachais (tar éis costais Seirbhísí Corparáideacha a chionroinnt, lena n-áirítear ról an Ombudsman):



Earcaíocht 2025

Ag tús 2025, bhí 36 bhall foirne bhuna ag an OCO, agus d'ardaigh an figiúr sin go 37 faoi dheireadh na bliana.

Bhí go leor gníomhaíochtaí earcaíochta ar siúl i rith na bliana, ar fud ár bhfoirne go léir, agus chuireamar fáilte roimh naonúr ball foirne nua i rith na bliana, ar fud na ngrád agus na bhfoirne.

Chomh maith leis sin, d'fhágamar slán le hochtar ball foirne i rith na bliana, lena n-áirítear ár gCeann Cumarsáide – beidh siad ina mbreiseáin iontacha dá n-ionaid oibre nua.

Saoráil Faisnéise

I 2025, fuair agus phróiseáil an OCO 13 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Oibleagáidí um Chosaint agus Leas Leanaí

I 2025 fuaireamar 144 ábhar imní maidir le cosaint agus leas leanaí, a ndéileáilann ár nOifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe (DLPs) leo. Ba mhéadú 3% é sin ó 2024. I 2025, thugamar fógra foirmiúil do Tusla faoi 28 gcinn de na tuairiscí sin, i gcomparáid le 19 bhfógra ó Tusla i 2024.

Tagann formhór na dtuairiscí seo tríd ár bhfeidhm láimhseála gearán, agus inár bhfoirne Rannpháirtíochta, Oideachais agus Cearta agus Beartais ina dhiaidh sin. Thugamar faoi deara gur minic a bhain na hábhair imní sin le níos mó ná leanbh amháin agus le cineálacha iomadúla mí-úsáide líomhnaithe. Féadfaidh an OCO daoine aonair a chur in iúl do sheirbhísí reachtúla freisin, lena n-áirítear Tusla agus An Garda Síochána, chomh maith le hatreoruithe a dhéanamh muid féin.

Gaeilge

Tháinig Alt 10A den Fhógraíocht a rinne Comhlachtaí Poiblí i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus chomhlíon an OCO ár n-oibleagáidí go hiomlán in 2025. Deir siad seo go gcaithfidh 20% den fhógraíocht ar fad a dhéanann comhlacht poiblí a bheith i nGaeilge agus caithfear 5% dá bhuiséad iomlán fógraíochta a chaitheamh ar na Meáin Ghaeilge. I 2025, bhain an OCO 30.32% amach maidir le láithriú agus 5.76% maidir leis an gceanglas buiséid. Ina theannta sin, d'éirigh le fógra Aonad an Mheán-Leathanaigh a cuireadh ar Tuairisc.ie don Nollaig 68,056 imprisean a bhaint amach, rud a chuir go mór lenár gcéatadán socrúcháin 2025.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Mar chomhlacht poiblí agus mar institiúid um chearta an duine, tá oibleagáid reachtúil ar an OCO aird a thabhairt ar chearta an duine agus ar bhreithnithe comhionannais i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna. Tugtar Dualgas na hEarnála Poiblí air seo agus tá sé leagtha amach in Alt

42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (Acht IHREC 2014). Ceanglaítear orainn measúnú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn maidir leis an nDualgas Earnála Poiblí, aghaidh a thabhairt air agus tuairisciú a dhéanamh ina leith.

Measúnú

Rinneadh measúnú ar 3 cholún Dhualgais na hEarnála Poiblí. Áiríodh leis seo suirbhé don fhoireann agus ceardlann chun aiseolas a bhailiú tuilleadh ón bhfoireann.

Tabhair

In 2025, cruthaíodh struchtúr rialachais chun tacú le cur chun feidhme an Dhualgais. Cuireadh grúpa oibre thrasaonad ghníomhach de chuid na hEarnála Poiblí i bhfeidhm le téarmaí tagartha soiléire

Tar éis an mheasúnaithe, dhréachtaigh an ghrúpa oibre trasaonad plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh agus d'fhorghas an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí é. Cuireadh aiseolas ón bhfoireann san áireamh sa phlean gníomhaíochta.

Tá tús curtha ag an ngrúpa oibre Dualgais na hEarnála Poiblí leis an obair ar chur chun feidhme na gníomhaíochtaí atá beartaithe.

I 2025 thug an fhoireann ar fad faoi oiliúint ar Dhualgas na hEarnála Poiblí chun tacú le comhthuiscint ar ár nDualgas faoin Acht. Bhí sé seo i bhfoirm oiliúint éigeantach ar líne IHREC ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus reáchtáladh ceardlann freisin leis an bhfoireann ar fad a d'éascaigh IHREC.

Tá an OCO tiomanta d'ionchorprú iomlán agus díreach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) sa dlí náisiúnta a chur chun cinn, mar a luaitear go soiléir i bPlean Straitéiseach an OCO 2025-2027. Is nasc díreach é seo idir ár bhfeidhmeanna, colúin Dhleacht na hEarnála Poiblí agus ár n-úsáideoirí seirbhíse.

Tuarascáil

Mar aon leis an tuarascáil seo, tá tiomantas an OCO don Dleacht Earnála Poiblí ar fáil ar ár suíomh gréasáin <https://www.oco.ie/about-us/public-sector-duty/>

Sainordú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide


In 2025, lean an OCO ar aghaidh ag cur a thiomantais maidir le gníomhú-ar son na haeráide chun cinn i gcomhréir leis an Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 agus ceanglais neartaithe an tSainordaithe um Gníomhú ar son na hAeráide 2025. Dhírigh an bhliain ar ghníomhaíochtaí praiticiúla a sheachadadh, astaíochtaí a laghdú, agus inbhuanaitheacht a leabú thar oibríochtaí.

Bunaítear leis an Acht creat atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus a bhfuil feidhm aige ar fud gach comhlachta san earnáil phoiblí. Chun na hoibleagáidí reachtúla sin a chomhlíonadh, leanann an OCO dár bhfreagrachtaí aeráide a chur chun cinn trí cheanglais an tSainordaithe um Gníomhú ar son na hAeráide 2025 a chur chun feidhme, ár dTreochlár um Gníomhú ar son na hAeráide a chur isteach go bliantúil, agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht a bhaineann leis an aeráidtrí ardán Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI.

Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide

In 2025, chuir an OCO ár dTreochlár um Gníomhú ar son na hAeráide 2025 isteach agus chuir muid roinnt gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun tacú le seachadadh:

- Struchtúr inmheánach rialachais a bhunú chun gníomhaíochtaí gníomhaithe aeráide a mhaoirsiú agus chun tacú leo. Áirítear leis sin an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus Foireann Ghlas atá leabaithe i gcoiste trasaonad seanbhunaithe.
- Oiliúint i ngníomhú ar son na haeráide a sholáthar don cheannaireacht shinsearach agus don fhoireann shinsearach.
- Ceardlann foirne a chur ar fáil agus aiseolas a bhailiú chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí amach anseo.
- Tús a chur le hathsholáthar chóras Téimh, Aerála agus Aerchóirithe (HVAC) an fhoirgnimh.
- Bainistiú dramhaíola nua a chur i bhfeidhm san Oifig i ndramhaíl ghinearálta, i ndramhaíl in-bhithmhíllte agus in athchúrsáil le pointí dramhaíola thar an dá urlár.



- Teagmháil a dhéanamh lenár mBainisteoir Tacaíochta Comhpháirtíochta arna cheapadh ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)

Feidhmíonn ár n-áitreabh ar leictreachas 100%, rud a léiríonn ár dtiomantas d'úsáid inbhuanaithe acmhainní. Laghdaigh an OCO a n-ídiú leictreachais 5% in 2025, ag baint amach úsáid bhliantúil 64,557.42 kWh (2024: 67,897.92KWh) agus ag leanúint leis an treocht anuas a taifeadadh le blianta beaga anuas. B'ionann astaíochtaí a bhain le Aerthaisteal do 2025 agus 4.5 tonna CO² (2024: 7.6 tonna CO²), agus déanfar gach ceann díobh a fhritháireamh i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta.

Ba é 17,854 kg astaíochtaí iomlána CO₂ an OCO do 2024 (ní raibh an figiúr do 2025 ar fáil ag an am a bhí an tuarascáil bhliantúil seo á scríobh).

Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta

Le linn 2025, chuir an OCO raon gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta chun cinn a thacaigh le comhlíonadh na feidhmíochta comhshaoil neartaithe agus feabhsaithe ó lá go lá.

Príomhghníomhaíochtaí:

- Cleachtais maidir le Soláthar Poiblí Glas a leathnú agus Ciorclán 17/2025 a chur chun feidhme.
- Prionsabail tógála ísealcharbóin agus chiorclacha a chur i bhfeidhm le linn thionscadal uasghrádaithe HVAC.
- Céadphróisis dhigiteacha a chur chun cinn agus úsáid páipéir athchúrsáilte 100% a choinneáil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thomhaltas uisce agus trí phointe athlionsa uisce a sholáthar ar fud na hoifige.
- Deighilt iomlán sruthanna dramhaíola ginearálta, in-bhithmhillte agus athchúrsála a choinneáil.

- Ítimí aon úsáide a laghdú ag imeachtaí inmheánacha agus roghanna malartacha in-athúsáidte a chur ina n-ionad.

Chuir na gníomhaíochtaí sin le haistriú leanúnach an OCO i dtreo cleachtais oifige níos inbhuanaithe agus le tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol.

Comhlíonadh Chiorclán 01/2020

I gcomhréir le Ciorclán 1/2020, déanfaidh an OCO 100% d'astaíochtaí aerthaistil oifigiúla a fhritháireamh le haghaidh 2025, arb ionann iad agus 4.5 tona CO² san iomlán. Taifeadtar gach gníomhaíochtaerthaistil go bliantúil agus cuirtear isteach í tríd an bpróiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais náisiúnta na hearnála poiblí ina n-iomláine.

Cuireadh íocaíocht €288.56 faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) go déanach i mí Feabhra chun oibleagáid fritháirimh 2025 a chomhlíonadh.

TFC

Lean an OCO dár n-aistear um Chlaochlú Digiteach in 2025 mar atá doiciméadaithe inár Straitéis TFC.

- Críochnaíodh cur i bhfeidhm córais thábhachtacha i réimsí na bainistíochta áirithinte, na bainistíochta pasfhocail agus na casbainistíochta.
- Rinneadh ríomhairí glúine an OCO a uasghrádú go Windows 11 agus suiteáladh Cisco Umbrella chun slándáil TF a fheabhsú.
- Cuireadh oiliúint ar fhoireann OCO ar ardán slán comhroinnte comhad an OCO, FileCloud, réiteach bainistíochta pasfhocail an OCO, Keeper, agus ar bhunriachtanais na hIntleachta Saorga (IS) agus ar úsáid Microsoft Co-Pilot.

